



Tuarascáil Bhliantúil 2015

An Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe
ag oibriú mar 'An Ghníomhaireacht Tithíochta'

Is í ár bhfís go mbeidh gach duine ábalta cónaí i dtithe ardchaighdeáin, inacmhainne i bpobail inbhuanaithe.



Arna fhoilsiú ag:
An Gníomhaireacht Tithíochta

Dáta foilsithe:
Eanáir 2017

Sonraí Teagmhála
An Gníomhaireacht Tithíochta
53 Sráid an Mhóta Uachtarach
Baile Átha Cliath 2

01 656 4100
info@housingagency.ie

Le haghaidh tuilleadh faisnéise, téigh chuig
www.housingagency.ie

Clár na nÁbhar

Ráiteas an chathaoirligh	2
Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh	6
01 Eolas fúinn	10
02 Méadú ar sholáthar a chumasú trí cháilíocht agus inbhuanaitheacht a chur chun cinn i seachadadh agus bainistíocht tithíochta	15
03 Réimse seirbhísí réitigh a sholáthar chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna náisiúnta tithíochta	21
04 Bheith ina lárionad eolais do bheartas agus cleachtas tithíochta	28
05 Tuairisciú airgeadais	32

Réamhrá

Ráiteas an chathaoirligh

I ngeall ar théarnamh mall an tsoláthair, in ainneoin éileamh a bhí ag méadú go gasta, tháinig méadú ar phraghsanna agus ar chíos – rud a raibh ábhar imní forleathan agus díospóireacht phoiblí faoi chúrsaí tithíochta mar thoradh air. Mar thoraidh air sin, bhí tithíocht ina príomhréimse beartais don Rialtas agus muid ag teacht amach as ceann de na cúluithe ba mheasa riamh sa tír seo.

Is é cúram na Gníomhaireachta comhoibriú lenár ngeallsealbhóirí agus freastal dóibh – an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, údaráis áitiúla, comhlachtaí ceadaithe tithíochta agus dreamanna eile. Seachadaimid an tacaíocht is fearr agus is féidir san earnáil tithíochta, ag baint leas as ár saineolas, ár dtaithí chomh maith le bonn láidir taighde agus fianaise chun bonn eolais a chur faoi dhea-chleachtas. Sa Gníomhaireacht Thithíochta, creidimid nach mór cóiríocht inacmhainne, inbhuanaithe agus sách maith a bheith ina sprioc náisiúnta.

Tá an Gníomhaireacht Tithíochta spreagtha ag tuiscint ar an ról lárnach atá ag an tithíocht i gcáilíocht beatha daoine. Le linn 2015, tharraingíomar aird ar bhonn leanúnach ar an tábhacht a bhaineann le chothromaíocht inbhuanaithe a aimsiú idir an soláthar agus an t-éileamh tithíochta mar phríomhcheist beartais agus comhpháirt thábhachtach maidir lenár gcobhsaíocht airgeadais a choimeád.

Ghlacamar gach deis chun a chur chun suntais gurb í an inacmhainneacht an phríomh-mhéadrach. Níl soláthar nach bhfuil inacmhainne stuama ná inbhuanaithe. Faoi mar atá feicthe againn cheana, má bhíonn an chothromaíocht seo mícheart go mbeidh impleachtaí forleathana sóisialta agus eacnamaíocha ann. Is é ár gcúram a chinntiú go ndéanfaimid pleanáil chúramach do thodhchaí tithíochta na hÉireann, seachas deifir a dhéanamh chun réitigh ghearrthéarmacha agus ghearr-radharcacha a dhéanamh.

Tá inacmhainneacht ár dtithe a chinntiú lárnach dár gcuid oibre. Ciallaíonn inacmhainneacht a bheith ábalta cónaí i dtithe a bheidh oiriúnach do do riachtanais, agus a bheith ábalta coinneáil le híocaíochtaí cíosa nó morgáiste a dhéanamh. Ciallaíonn inacmhainneacht go bhfuil scóip ann dá dtiocfadh ardú ar na costais sin nó dá dtiocfaidh laghdú gan choinne ar ioncam, chomh maith leis an ábaltacht íoc as costais mhaireachtála eile amhail billí tí, comaitéireacht agus cúram leanaí.

“Is é ár gcúram a chinntiú go ndéanfaimid pleanáil chúramach do thodhchaí tithíochta na hÉireann, seachas deifir a dhéanamh chun réitigh ghearrthéarmacha agus ghearr-radharcacha a fháil.”

Faoi mar atá ráite againn arís agus arís eile, ciallaíonn inacmhainneacht nach gcuirtear ualach ar dhuine ar bith timaistir fhada a dhéanamh. Tá dlúthbhaint ag inacmhainneacht le cobhsáíocht.

Is í ár bhfís gur cheart go mbeadh gach duine ábalta cónaí i dtithe inacmhainne ardchaighdeáin laistigh de phobail inbhuanaithe. Táimid spreagtha ag tuiscint ar an ról lárnach atá ag an tithíocht i gcáilíocht beatha agus deiseanna saoil daoine. Tuigimid go bhfuil an seachadadh tithíochta mall mar gheall ar a chineál, agus ní réiteach gasta ar bith ann maidir le luas an seachadta.

Laistigh de Ghníomhaireacht Tithíochta, bhí taithí agus saineolas ár bhfoirne fíorthábhachtach i seachadadh seirbhísí tithíochta ardchaighdeáin ar fud na hÉireann ónar mbunú. Cumhdaíonn ár saineolaithe speictream iomlán na réimsí teicniúla, riaracháin, rialála agus taighde don earnáil tithíochta.

Táimid tiomanta do leas a bhaint as an saineolas seo chun seirbhísí ardchaighdeáin agus solúbtha a sholáthar don earnáil tithíochta. Cuirimid iad sin i bhfeidhm chun dea-chleachtas, cruthaitheacht, nuálaíocht agus luach ar airgead a spreagadh, a fháil agus tacú leo. Is é ár ndúshlán do 2016 ár gceangail lenár ngeallsealbhoirí a neartú lena chinntiú go leanfaidh ár seirbhísí le bheith ábhartha chun freastal ar a riachtanais reatha agus a riachtanais atá ag teacht chun cinn.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le gach comhalta Boird, le coistí na Gníomhaireachta Tithíochta agus go háirithe John O'Connor, leis an bhfoireann bainistíochta agus le foireann iontach na Gníomhaireachta as a gcuid oibre in 2015.

Ba mhaith liom fáilte a chur roimh an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, Simon Coveney, agus an Aire Stáit Damien English a bhfuilimid ag súil le bheith ag obair leis. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an iar-Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Alan Kelly agus an iar-Aire Stáit Paudie Coffey agus oifigigh na Roinne as a dtacaíocht don Ghníomhaireacht Tithíochta, in éineacht leis na húdaráis áitiúla as a gcomhoibriú agus a gcúnamh ar fad.

Conor Skehan
Cathaoirleach



Rialachas

Freastal ar chruinnithe an Bhoird in 2015

Tionóladh 12 chruinniú boird ar an iomlán le linn 2015. Sa tábla seo a leanas leagtar amach freastal gach comhalta ar na cruinnithe sin.

Comhalta Boird	Eagraíocht	Ceapadh / Eirí as oifig	Freastal %
Conor Skehan	Cathaoirleach	Ceaptha in Iúil 2013	100
Eugene Cummins	Comhairle Chontae Ros Comáin	Ceaptha i mí na Samhna 2014	92
Clodagh Henehan	Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas	<i>Éirithe as Aibreán 2015</i>	–
Lorraine Lynch	Comhairle Contae Chill Mhantáin	Ceaptha i mBealtaine 2015	100
Donal McManus	Comhairle um Thithíocht Shóisialta na hÉireann	Ceaptha in Eanáir 2013	92
Bairbre Nic Aongusa	An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil	Ceaptha i Meán Fómhair 2014	92
Dermot Nolan	An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	Ceaptha in Eanáir 2013	83
Tony O'Brien	Sainchomhairleoir Bainistíochta	Ceaptha in Iúil 2013	83
John O'Connor	An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, An Ghníomhaireacht Tithíochta	Ceaptha in Eanáir 2013	100

Táillí Boird

Ní fhaigheann comhalta Boird táillí as suí ar bhord na Gníomhaireachta, agus níor íocadh speansais ar bith i ndáil le 2015.

Tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh

Ba é €117,603 tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh i gcomhair na bliana 2015. Tá sé sin bunaithe ar an scála do Bhainisteoir Leibhéal 5, móide 7.5% arbh ionann é sin agus €8,820 agus léiríonn sé na lagduithe ar thuarastail a cuireadh i bhfeidhm mar thoradh ar an Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (Uimh. 2), 2009, agus ar Chomhaontú Bhóthar Haddington 2013, agus faoi mar a d'ordaigh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Tá an Príomhfheidhmeannach ina chuid de scéim aoisliúntais shochair shainithe na hearnála poiblí de chuid an Rialtais Áitiúil.

“Rath suntasach amháin in 2015 ba ea ceannach os cionn 150 teach thar ceann údarás áitiúil ar fud na tíre.”



Brollach

Ráiteas an Phríomh-fheidhmeannaigh

Cé go raibh go leor dúshlán le sárú in 2015 san earnáil tithíochta, rinne na Gníomhaireacht Tithíochta a lán beart dearfach i mblíana i roinnt príomhréimsí. Bhí cuid dár réimsí fócais in 2015 ar sheachadadh sholáthar na tithíochta sóisialta, taighde den cháilíocht is airde a chur ar fáil don Rialtas, sainseirbhísí a chur ar fáil d'údaráis áitiúla, rialáil earnáil na CCTanna agus feabhsúchán piríte a chur ar fáil d'úinéirí tí in eastáit ina raibh sé de dhíth.

Oibríonn an Gníomhaireacht Tithíochta chun tacaíocht a thabhairt d'údaráis áitiúla, Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (CCTanna) agus cleachtóirí tithíochta ina ról maidir le tithíocht ardchaighdeáin a chur ar fáil do dhaoine. Clúdaítear faoinár gcuid oibre ó thaighde chun bonn eolais a chur faoin mbeartas poiblí, go tacaíocht agus seirbhísí teicniúla tithíochta, go Rialáil earnáil na CCTanna.

In Iúil 2015, lainseáil an Gníomhaireacht a chéad Ráiteas Náisiúnta bliantúil maidir le Soláthar agus Éileamh Tithíochta. Mar chuid de Phleananna an Rialtais 'Tógáil 2020', cuirtear faisnéis thráthúil agus luachmhar ar fáil sa tuarascáil seo don Roinn agus dár ngeallsealbhóirí faoin soláthar agus éileamh tuartha do thithíocht suas go 2017.

Bhí an Gníomhaireacht gníomhach go háirithe san obair leis an Roinn, údaráis áitiúla, comhlachtaí ceadaithe tithíochta, agus dreamanna eile i dtaca le cur chun feidhme réimse leathan gníomhaíochtaí faoim Straitéis um Thithíocht Shóisialta. In 2015 tugadh aird faoi leith do cheannach tithe, lena n-áirítear cur i gcrích forbairtí tithíochta, réadmhaoine folmha a chur in úsáid arís, agus tacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme na hÍocaíochta Cúnaimh Tithíochta úir (ÍCT). Buaicphointe amháin ba ea an sprioc a bhaint amach maidir le os cionn 2,000 teach agus árasán a fháil ó phunann iasachta GNBS. Bhí an Gníomhaireacht ag obair le GNBS agus leis an Roinn le cúpla bliain anuas i dtaca leis sin; chun tithíocht a fháil d'údaráis áitiúla agus CCTanna.

Buaicphointe eile den bhliain don Gníomhaireacht ná a bheith ag obair le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Oifig na nOibreacha Poiblí agus Iontaobhas Peter

“ Bhí an Gníomhaireacht gníomhach go háirithe san obair leis an Roinn, údaráis áitiúla, comhlachtaí ceadaithe tithíochta, agus dreamanna eile i dtaca le cur chun feidhme réimse leathan gníomhaíochtaí faoin Straitéis um Thithíocht Shóisialta.”

McVerry chun cóiríocht a sheachadadh do dhaoine gan dídean trí ocht n-aonad athchóirithe a chur ar fáil i Lána an Chláraigh, Baile Átha Cliath. Ar an tionscadal sin, thug an Gníomhaireacht comhairle maidir le hathchóiriú agus athdheisiú ar árasáin a bhí folamh roimhe sin agus rinne sí bainistíocht ar an tionscadal ina leith.

Bhí soláthar na tithíochta sóisialta ina cheist rithábachtach agus in 2015, mhéadaigh foireann soláthair na Gníomhaireachta Tithíochta ár ról i soláthar na tithíochta sóisialta do dhaoine a raibh sé de dhíth orthu. Rath suntasach amháin in 2015 ba ea ceannach os cionn 150 teach thar ceann údarás áitiúil ar fud na tíre. Ceannaíodh na tithe sin ar an mórchóir ó institiúidí iasachta chun luach maith a fháil d’údaráis áitiúla. Tá sé sin sa bhreis ar an sprioc a bhaint amach maidir le 2,000 teach agus árasán a sheachadadh ó phunann iasachta GNBS. D’oibrigh an Gníomhaireacht go gníomhach le húdaráis áitiúla agus CCTanna maidir le ceannach agus cur i gcrích forbairtí tithíochta ar fud na tíre.


Leanadh d’obair de réimse leathan geallsealbhóirí i dtaca le tithe a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumais agus an straitéis náisiúnta lenar bhain. Tá a lán den aird thart ar an bhfócas ar shuíomhanna comhchónaithe a dhúnadh agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine bogadh go tithíocht sa phobal. Baineann sé sin go háirithe le daoine faoi mhíchumais intleachtúla agus mheabhairshláinte. Lean an Gníomhaireacht lena gníomhaíocht agus tacaíocht d’údaráis áitiúla maidir le tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh ag a raibh riaráiste morgáiste; agus bainistíocht na scéime ‘cíos in aonad morgáiste’.

Cuireadh an Scéim um Fheabhsúchán Piríte chun cinn go maith in 2015 agus bhí 744 áit cónaithe cuimsithe sa scéim. In 2015, tugadh 153 eochair san iomlán ar ais d’úinéirí tí ar cuireadh feabhas ar a dtithe faoin scéim.


Cuireann clár na hoibre feabhsúcháin i bhfeidhm go hiomlán agus tá sé á reáchtáil go réidh anois.

Tá an Oifig Rialála Eatramhach do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta ina cuid den Gníomhaireacht Tithíochta. Ba í seo an chéad bhliain de mheasúnuithe ar thuairisceán rialála bliantúil. Tá 215 CCT san iomlán cláraithe leis an gcreat rialála. Is ionann stoc iomlán na CCTanna agus 24,562, arb é sin 82% de stoc CCT. Tá an-áthas orainn leis an dul chun cinn atá déanta ag an Oifig Rialála.

Ar deireadh, ba mhaith liom m’fhíorbhuíochas a ghabháil le foireann na Gníomhaireachta agus lenár ngeallsealbhóirí go léir agus comhghairdeas a thabhairt dóibh as gach rud atá bainte amach againn in 2015. In 2016 tá a lán dúshlán le sárú againn, agus beimid ag obair go dlúth leis an Rialtas, an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, údaráis áitiúla, comhlachtaí ceadaithe tithíochta, agus ár ngeallsealbhóirí go léir lena chinntiú go mbainfimid ár bhfís amach maidir le dea-chleachtas a chur chun cinn i mbainistíocht na tithíochta, agus tacaíocht a thabhairt do sheachadadh tithíochta ardchaighdeáin i gcomharsanachtaí dea-dheartha.



John O'Connor
Príomhfheidhmeannach



An Ghníomhaireacht Tithíochta

Móréachtaí in 2015

Obair le GNBS
chun an sprioc

2,000 teach

a bhaint amach
do thithíocht
shóisialta



National Asset
Management Agency




Os cionn 150 teach

ceannaithe thar
ceann údaráis
áitiúla ar fud
na tíre



147

Bhí cásanna
'Cíos in Aonad
Morgáiste'
**curtha i gcrích
faoi dheireadh
2015**



An chéad eisiúint de
**Ráiteas maidir
le Soláthar
agus Éileamh
Tithíochta.**

Iúil 2015

Tacaíodh
le cur i
bhfeidhm
ÍCT




619

a chur chun
cinn go
gníomhach





Beagnach
200 CCT
cláraithe leis an
gcód um rialáil
dheonach



**An Scéim um Fheabhsúchán
Piríte** faoi lánseol –

153 áit chónaithe

feabhsaithe faoi dheireadh 2015

rinneadh 102
tionscadal CALF

a mheasúnú in 2015 – **áiríodh**
leis sin 1,552 áit chónaithe

Sholáthair
sí comhairle
theicniúil
d'údaráis
áitiúla agus
CCTanna



1,000
úsáideoirí cláraithe
Lámhleabhar na
Gníomhaireachta
Tithíochta

I measc éachtaí eile
in 2015, bhí:

- Comhiomlánú Talún – **glacadh 73 láithreán dar luach €163 milliún san iomlán** isteach sa scéim anois.
- Rinneadh taighde ar easpa dídine teaghlach



01

Eolas fúinn

Is í fíís na Gníomhaireachta Tithíochta go mbeidh gach duine ábalta cónaí i dtithe ardchaighdeáin, inacmhainne i bpobail inbhuanaithe.

Bunú

Bunaíodh an Gníomhaireacht Tithíochta ar bhonn riaracháin in 2010, agus cuireadh ar bhonn reachtúil i an 1 Lúnasa 2012 (Lá an Bhunaithe) faoin Ordú fan an nGníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe (Bunú) 2012 (I.R. Uimh. 264 de 2012). Bhí an bunú sin de thoradh achtú an Achta Rialtais Áitiúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2012.

Oibríonn an Gníomhaireacht Tithíochta le:

- Údaráis Áitiúla
- Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta,
- an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus
- an Earnáil Phríobháideach

i seachadadh tithíochta agus seirbhísí tithíochta do shaoránaigh.

Plean Straitéiseach


I bPlean Straitéiseach na Gníomhaireachta 2015 – 2017 leagtar amach an méid seo a leanas:

- Is í ár **bhfís go mbeidh gach** duine ábalta cónaí i dtithe ardchaighdeáin, inacmhainne i bpobail inbhuanaithe.
- Is í ár **bhfís** a bheith ina saineolaithe tithíochta a bheidh spreagtha ag tuiscint ar an ról lárnach atá ag an tithíocht i gcáilíocht beatha agus deiseanna saoil daoine.
- Is iad ár **luachanna**:
 - tionchar neamhspleách
 - saineolas ardchaighdeáin
 - dírithe ar nuálaíocht agus réitigh
 - clú a mbeidh meas air
 - comhoibriú.

An Ghníomhaireacht Tithíochta

Spriocanna Straitéiseacha 2015-2017

Spriocanna Tithíochta



Cad a dhéanfaimid / Ár dtosaíochtaí

Méadú ar sholáthar a chumasú trí cháilíocht agus inbhuanaitheacht a chur chun cinn i seachadadh agus bainistíocht tithíochta

- Soláthar tithíochta ar fud na sásraí seachadta go léir
- Rialáil Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta

Réimse seirbhísí réitigh a sholáthar chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna

- Réiteach Pírite
- Comhlánú talún
- Athnuachan agus athfhorbairt

Bheith ina lárionad eolais do bheartas agus cleachtas tithíochta

- Taighde ar thithíocht
- Tacaíocht do chleachtóirí tithíochta
- Bonn eolais a chur faoi dhearach agus tacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme

Cad a theastaíonn uainn chun ár bhfís a bhaint amach


Acmhainní imleora
de réir tosaíochtaí/ foireann dhóthanach

Maoiniú imleor



Dea-Rialachas

Monatóireacht ar dhul chun cinn



Bainistíocht ghníomhach geallsealbhóirí

Struchtúr agus Oibríochtaí

Sa roinn seo, tá tuilleadh eolais maidir le struchtúr na Gníomhaireachta leagtha amach.

An Bord

Tá an Gníomhaireacht Tithíochta bainistithe ag Bord ar a bhfuil Cathaoirleach agus ocht gcomhalta:

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca



Conor Skehan
Cathaoirleach



Eugene Cummins
Comhairle Chontae
Ros Comáin



John O'Connor
An Gníomhaireacht Tithíochta
An Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin



Lorraine Lynch
Comhairle Contae
Chill Mhantáin



Donal McManus
Comhairle um Thithíocht
Shóisialta na hÉireann



Bairbre NicAongusa
An Roinn Comhshaoil,
Pobail agus Rialtais Áitiúil



John Burke
An Roinn Caiteachais
Phoiblí agus Athchóirithe



Tony O'Brien
Comhairleoir
Bainistíochta

Ba é seo a leanas ballraíocht Choiste Iniúchóireachta agus Riosca na Gníomhaireachta Tithíochta in 2015:

Comhalta coiste	Eagraíocht
Tony O'Brien	Sainchomhairleoir Bainistíochta
Caroline Gill	An Bord um Fheabhsúchán Piríte
Donal McManus	Comhairle um Thithíocht Shóisialta na hÉireann
Clodagh Henehan	Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas*
Lorraine Lynch	Comhairle Contae Chill Mhantáin**
Jim Baneham	An Gníomhaireacht Tithíochta, Oifigeach Iniúchóireachta Inmheánaí

*Éirithe as in Aibreán 2015

**Ceaptha i mí na Samhna 2015

Foireann

Bhí meánlíon 31 ball foirne ar an nGníomhaireacht Tithíochta in 2015.

Bhí an Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí deartha faoi mar a leanas:


Ainm	Ról
John O'Connor	Príomhfheidhmeannach
David Silke	Stiúrthóir Taighde agus Gnóthaí Corparáideacha
Rosalind Carroll	Ceann na Rialála
Jim Baneham	Ceann an tSoláthair Tithíochta agus Tacaíochtaí Morgáiste
Isoilde Dillon	Feidhmeannach Sinsearach Athnuachana
Trevor Austen	Feidhmeannach Sinsearach Sócmhainní
Peter Hesse	Oifigeach Bainistíochta agus Soláthair Tionscadal

Ár Seirbhísí

Soláthraíonn an Gníomhaireacht Tithíochta réimse leathan seirbhísí agus tacaíochtaí d'údaráis áitiúla, do Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta agus don Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil i seachadadh tithíochta agus seirbhísí tithíochta, amhail:

- Corparáideach agus Taighde
- Soláthar Tithíochta agus Tacaíochtaí Morgáiste
- Comhairle Theicniúil
- Feabhsúchán Piríte
- Comhlánú Talún
- Rialáil

Léarscáil na bPríomh-gheallsealbhóirí



02

Soláthar méadaithe a chumasú

trí cháilíocht agus inbhuanaitheacht a chur chun cinn i seachadadh agus bainistíocht tithíochta

Tosaíocht: Soláthar Tithíochta ar fud na Sásraí Seachadta go Léir

An Straitéis um Thithíocht Shóisialta

Bhunaigh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil cúig ghrúpa Srutha Oibre, faoin Straitéis um Thithíocht Shóisialta (STS). Tá ionadaithe ag an nGníomhaireacht ar gach ceann de na 5 ghrúpaí, arb iad:

- Sruth Oibre 1 – Airgeadas
- Sruth Oibre 2 – Seachadadh agus Oibríochtaí Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (CCT)
- Sruth Oibre 3 – Seachadadh agus Oibríochta Údarás Áitiúil
- Sruth Oibre 4 – Athchóiriú ar Thithíocht Shóisialta
- Sruth Oibre 5 – Cóiríocht phríobháideach ar Cíos

Suíonn Rannóg an tSoláthair Tithíochta agus Tacaíochtaí Morgáiste ar Shruth Oibre 2 agus 3 agus glacann sé páirt chomh maith sa Ghrúpa Teicniúil Oibre a bunaíodh faoi Shruth Oibre 1. Tá an Gníomhaireacht Tithíochta páirteach i réimse obair tacaíochta don Straitéis um Thithíocht Shóisialta (STS). Áirítear leis seo anailís a

dhéanamh ar shonraí riachtanas tithíochta, a úsáidtear chun na spriocanna foriomlána seachadta tithíochta sa STS a ríomh agus chun spriocanna seachadta bliantúla Údarás Áitiúil a ghiniúint. Rinne an Gníomhaireacht Tithíochta mapáil agus measúnú ar an talamh atá faoi úinéireacht Údarás Áitiúil i gcomhar le Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach (CBCC). Cuirtear an obair sin isteach san obair tosaigh roghnúcháin láithreáin chomh maith don Chomhpháirtíocht Phoiblí Príobháideacht (CPP), agus tá sé tuartha go soláthróidh sé 1,500 teach úr faoin STS.

Faoi Shruth Oibre 2, d'fhorbair an Gníomhaireacht, faoi stiúir na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus i ndiaidh comhairliúcháin le hearnáil na CCTanna, tuilleadh socruithe maoinithe do CCTanna ag baint úsáid as maoiniú ón gcaiteachas reatha (SHCEP: féach thís) chun tithíocht shóisialta a cheannach, a thógáil nó a athnuachan. Tugadh na socruithe feabhsaithe sin isteach in Eanáir 2016 i ndiaidh do Ghrúpa Maoirseachta STS iad a fhaomhadh.

Léasú Tithíochta Sóisialta – Tithíocht Shóisialta An Clár Caiteachais Reatha (SHCEP):

Is ionann an Clár Caiteachais Reatha do Thithíocht Shóisialta agus caiteachas reatha atá ann cheana bunaithe ar chláir um thithíocht shóisialta (SHCEP). Áirítear ar na cláir sin an Scéim um Chóiríocht ar Chíos (SCC), an Tionscnamh maidir le Léasú Tithíochta Sóisialta agus caiteachas reatha bunaithe ar mhaoiniú do Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta. Tá na cláir sin ar fad bunaithe ar íocaíochtaí míosúla nó ráithiúla a dhéanamh thar thréimhse shínte ama chun áiteanna cónaithe d'úsáid tithíochta sóisialta. Beidh ról an-mhór ag maoiniú SHCEP i seachadadh na 35,000 aonad faoi Cholún 1 den STS.

Lean an Ghníomhaireacht Tithíochta le tacaíocht a thabhairt d'Údaráis áitiúla i ndáil le clár um léasú tithíochta sóisialta, lena n-áirítear an scéim um chóiríocht ar chíos, trí sholáthar comhairle agus forbairt agus cothabháil doiciméad dlíthiúil teimpléid. Tá páirt dhíreach ag an nGníomhaireacht in SHCEP agus baint aici le CCTanna trína cuid oibre leis an Áis um Airleacan Caipitil i gcomhair Leasúcháin (féach thíos) agus forbairt agus cothabháil doiciméad dlíthiúil teimpléid lena n-úsáid ag údaráis áitiúla agus CCTanna.

Áis um Airleacan Caipitil i gcomhair Leasúcháin (CALF)

Ag baint úsáid as maoiniú reatha faoi SHCEP, is féidir le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (CCTanna) maoiniú iasachta a lorg ó iasachtóirí tráchtála chun tithíocht shóisialta a cheannach nó a thógáil. Ag brath ar thréithe airgeadais tionscadail, d'fhéadfadh sé nach mbeadh iasachtóirí tráchtála sásta an t-airgead uile a theastaíonn a réamhíoc. Cineál iasachta is ea CALF atá ar fáil do CCTanna faoi chlár SHCEP atá beartaithe chun cuidiú le CCTanna maoiniú iasachta a fháil ó iasachtóirí tráchtála. Bíonn iasachtaí CALF ar fáil ar théarma atá fabhrach do CCTanna trí údaráis áitiúla.

Déanann an Ghníomhaireacht Tithíochta measúnuithe airgeadais ar iarratais a cuireadh isteach chuig an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ó Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta ar iasachtaí CALF. Déanann an Ghníomhaireacht measúnú ar thréithe airgeadais tionscadail agus déanann sí moladh chuig an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil maidir le méid iasachta CALF a theastaíonn. Rinneadh measúnú ar 102 tionscadal CALF san iomlán in 2015 lenar bhain 1,552 áit chónaithe. Tá sé sin i gcomparáid le 30 tionscadal lenar bhain 602 áit chónaithe in 2014, rud a thugann an leibhéal méadaithe gníomhaíochta in earnáil na CCTanna chun suntais le linn chéad bhliain an STS.

An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS) Réadmhaoine

Lean an Ghníomhaireacht Tithíochta ag obair leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus leis an nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS) le linn 2015. Bhain an obair sin le réadmhaoine folmha oiriúnacha a shainathint, a bhí sealbhaithe mar urrús le haghaidh iasachtaí arna mbainistiú ag an nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS) chun iad a chur ar fáil do thithíocht shóisialta trí léasú nó trí cheannach. Ag deireadh 2015, bhí 2,000 áit chónaithe san iomlán curtha ar conradh nó seachadta d'úsáid do thithíocht shóisialta tríd an bpróiseas seo. Tagann an t-iomlán sin leis an sprioc a bhí leagtha amach ag deireadh 2011 nuair a thosaigh an obair le GNBS ar dtús. Tá an próiseas ag teacht chun deiridh anois agus scrúdú déanta anois ar fhorhmhór phunann iasachta GNBS. Mar sin féin, tá sé tuartha go ngeofar tuilleadh áiteanna cónaithe tríd an bpróiseas le linn 2016.

Íocaíochtaí Cúnaimh Tithíochta

Tacaíocht tithíochta sóisialta úr is ea an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT) a thug údaráis áitiúla isteach. Cuirtear ÍCT in ionad an Liúntais Chíosa dóibh siúd ag a bhfuil riachtanas tithíochta fadtéarmaí a cháilíonn i gcomhar tacaíocht tithíochta sóisialta. Dearadh ÍCT chun an córas reatha um thacaíochtaí tithíochta a shimpliú agus, éagosúil le liúntas cíosa, ceadaíonn sé do theaghlaigh atá i bhfostaíocht lánaimseartha fanann sa scéim. Faoi dheireadh 2015, bhí ÍCT i bhfeidhm go hiomlán i 18 n-údarás áitiúla agus bhí tacaíocht á fáil ag 5,853 teaghlach san iomlán faoin scéim.

Faoi ordú na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, bhí ról tábhachtach ag an nGníomhaireacht Tithíochta i gcur chun feidhme scéim ÍCT in éineacht le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh a ghníomhaigh mar mhol seirbhísí trasghníomhaíochta comhroinnte do gach údarás áitiúil rannpháirtíoch. Rinne an Ghníomhaireacht doiciméid teimpléid a dhréachtú, inar soláthraítear oiliúint d'údaráis áitiúla agus inar soláthraíodh seirbhís lárnach chomhairleach agus tacaíochtaí eile d'údaráis áitiúla rannpháirtíochta i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus Mol Luimnigh.

Tá sé beartaithe go gcuirfeadh scéim ÍCT ar fáil ar bhonn náisiúnta le linn 2016.

“Tugadh 157 de na haonaid a cheannaigh an Ghníomhaireacht Tithíochta faoi iontaobhas ó AIB agus ó Bhanc na hÉireann ar láimh d’údaráis áitiúla in 2015.”

Scéim Cheannaigh Incrimintigh ag Tionóntaí.

Chuir an Ghníomhaireacht Tithíochta tacaíocht agus cúnamh ar fáil don Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil maidir le cur chun feidhme na Scéime Ceannaigh Incrimintigh ag Tionóntaí a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2016. Ceadófar sa scéim do thionóntaí fhormhór na dtithe údaráis áitiúil atá ann cheanna a n-áiteanna cónaithe féin a cheannach ar ráta lascainithe faoi réir téarmaí agus coinníollacha. D'oibrigh an Ghníomhaireacht leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ar threoir agus doiciméid scéime ghaolmhara a fhorbairt agus leanann sí le tacaíocht a thabhairt d’údaráis áitiúla le linn chur chun feidhme na scéime.

Iasachtaí Ceannaigh Tí Údaráis Áitiúil

Soláthraíonn an Ghníomhaireacht Tithíochta seirbhís lárnach fhrithgheallta chomhroinnte d’údaráis áitiúla ar fud na tíre. rinneadh 465 iarratas ar iasachtaí a fhrithghealladh le linn 2015.

Ceannach Tithíochta faoi iontaobhas d’Údaráis Áitiúla

Le linn 2015, d'oibrigh an Ghníomhaireacht le líon institiúidí iasachta maidir le ceannach, ar bhonn punainne, réadmhaoine ceannaigh le ligean ar cíos a cheap na hiasachtóirí glacadóirí ina leith i ngeall ar mhorgáistí neamh-inbhuanaithe. Bhí na réadmhaoine ar fad sin á n-athshealbhú chun iad a dhíol chun na hiasachtaí morgáiste a íoc agus d’fhéach an Ghníomhaireacht le líon de na réadmhaoine sin a cheannach lena n-úsáid mar thithe sóisialta. Ghníomhaigh an Ghníomhaireacht mar chomhlacht lárnach comhordaithe idir na hinstiúidí iasachta agus na húdaráis ábhartha sna ceannacháin sin agus mar an eintiteas conarthach, ag gníomhú faoi iontaobhas do na húdaráis áitiúla ábhartha.

Tugadh 157 de na haonaid a cheannaigh an Ghníomhaireacht Tithíochta faoi iontaobhas ó AIB agus Banc na hÉireann ar láimh d’údaráis áitiúla in 2015.

Leasuithe ar Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt

Leis an Acht um Athbheochan Uirbeach agus Tithe, 2015 tugadh isteach Leasuithe ar Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt lena gceanglaítear ar fhorbróirí príobháideacha soláthar a dhéanamh do thithíocht shóisialta i bhforbairtí cónaithe úra. Ciallaíonn na leasuithe go mbeidh ceangal go ginearálta ar fhorbróirí le scéim de 10 n-áit chónaithe nó níos mó 10% dá bhforbairt a chur ar fáil lena n-úsáid mar thithíocht shóisialta. Cuirtear ar ceal leis chomh maith foráil níos luaithe faoina raibh forbróirí ábalta ranníocaíochtaí airgeadais a dhéanamh le húdaráis áitiúla in áit soláthar talún nó áiteanna cónaithe.

Chuidigh an Ghníomhaireacht leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil le dréachtú na reachtaíochta leasaithe agus chuidigh sí chomh maith leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil le hImlitreacha agus doiciméid treorach a dhréachtú. Bhí mar a bhí le réimsí eile gníomhaíochta, soláthraíonn an Ghníomhaireacht tacaíocht d’údaráis áitiúla maidir leis na leasuithe a chur chun feidhme.

Cíos Inacmhainne

Le linn 2015, sholáthair an Ghníomhaireacht tacaíocht don Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil maidir scéim Chíos Inacmhainne a dhréachtú. Tá an scéim seo fós á forbairt agus tá sé beartaithe léi go mbeidh fáil ar chóiríocht ar chíos ag teaghlaigh incháilithe ar ráta fóirdheontais. Beidh an scéim neamhspleách ar thacaíochtaí tithíochta sóisialta reatha. I mBuiséad 2016, cuireadh €10 milliún ar leataobh chun treoirthionscadal den scéim seo a mhaoiniú.



Seirbhísí Tacaíochta Morgáistí

Cíos in Aonad Morgáiste

Gníomhaíonn an Gníomhaireacht Tithíochta mar an gcomhordaitheoir nGníomhaireacht agus spreagthach na Scéime Cíos in Aonad Morgáiste. Idirbheartaigh an Gníomhaireacht Tithíochta prótacal idir na geallsealbhóirí ar fad sa Scéim agus tugadh é sin chun críche i mí na Samhna 2015. Sa tríú ráithe in 2015, rinneadh méadú ar na critéir incháilitheachta chun tairseacha luachála na réadmhaoine a mhéadú agus chun go mbreathnófaí ar chásanna ina raibh cothromas dearfach teoranta lena gcuimsiú.

Cuireadh 3,181 cás san iomlán isteach faoi dheireadh mhí na Nollag 2015. As an 3,181 cás a cuireadh isteach, bhí 2,347 díobh neamh-incháilithe nó cuireadh deireadh leo le linn an phróisis. Ní fhéadfaí teacht ar chomhaontú faoin díolachán ar 49 cás eile. As na cásanna eile a cuireadh isteach, bhí 147 díobh curtha i gcrích agus bhí 619 díobh á gcur chun cinn go gníomhach ag deireadh na bliana.

Próiseas chun Riaráistí Morgáiste a Réiteach (MARP).

Lean an Gníomhaireacht Tithíochta le bheidh páirteach in oiliúint agus comhairle maidir leis an bPróiseas chun Riaráistí Morgáiste a Réiteach d'Údaráis Áitiúla in 2015, agus tionóladh lá faisnéise i dTulach Mhór an 4 Samhain. Pléadh ceistanna sa seisiún maidir le cuntasáocht, Cíos in Aonad Morgáiste agus Úinéireacht Chomhroinnte. D'fhreastail beagnach 100 cleachtóir tithíochta ar an seisiún faisnéise sin.

Rinneadh méadú ar *Cíos in Aonad Morgáiste an Údaráis Áitiúil* ar bhonn náisiúnta agus soláthraíonn an Gníomhaireacht Tithíochta cúnamh agus comhairle maidir leis an bpróiseas d'Údaráis Áitiúla agus leanann sí le cuidiú a thabhairt don Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil i bhforbairt beartas le scrúdú ar mhéadú na gcritéir incháilitheachta.

Tá dá *Ghréasán Iasachta Réigiúnacha* ann, Gréasán an Oirdheiscirt agus Gréasán Lár na Tíre, agus forbraíodh ceann Lár na Tíre i gcomhar leis an nGníomhaireacht Tithíochta in 2015. Soláthraíonn an Gníomhaireacht Tithíochta, i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil comhairle agus faisnéis do ghrúpaí ar gach ceist a bhaineann le MARP.

An Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas

Is í an Gníomhaireacht Tithíochta an comhlacht cur chun feidhme don Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas. I mí na Samhna 2015, thionóil an Foghrúpa Tithíochta, faoi chathaoirleacht na Gníomhaireachta Tithíochta, a 25ú cruinniú. D'oibrigh an Grúpa ar sheachadadh líon Gníomhaíochtaí Tithíochta arna leagan amach sa Chreat Cur chun Feidhme don Straitéis; áirítear air sin Grúpa Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais (GSTM) a bhunú i ngach Limistéar Riaracháin Údaráis Áitiúil. In 2015, thosaigh na GSTManna le hullmhú dá bpleananna Straitéiseacha do Dhaoine faoi Mhíchumas. Beidh siad curtha i gcrích faoin dara ráithe in 2016

Tosaíocht: Rialáil Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta



Bunaíodh an Oifig Rialála laistigh den Ghníomhaireacht Tithíochta in 2014 mar gur tugadh an fhreagracht don Ghníomhaireacht, ar bhonn eatramhach, as Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (CCTanna) a rialáil. Tá rialáil CCTanna bunaithe ar Chód Rialála Deonaí (an Cód): *Ag Tógáil don Todhchaí – Cód Rialála Deonaí do Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta in Éirinn*.

Is é misean na hOifige Rialála sócmhainní tithíochta sóisialta a chosaint agus seirbhísí ardchaighdeáin a chinntiú do thionóntaí trí CCTanna dea-rialaithe, dea-bhainistithe agus inmharthana ó thaobh airgeadais de a rialáil. Déanann an Oifig Rialála maoirseacht ar mheasúnú CCTanna maidir lena n-inmharthanacht airgeadais, rialachas agus bainistíocht, agus a gcomhlíonadh maidir leis an gCreat Rialála. Cuireann an Oifig comhairle agus moltaí ar fáil chomh maith maidir leis an gCreat Rialála a chur chun feidhme.



Cad iad Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta?

Eagraíochtaí neamhbhrabúis is iad Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (CCTanna) (amhail Cumainn Tithíochta agus Comharthithíocht) a sholáthraíonn agus a bhainistíonn tithe sóisialta ar cíós. Tá os cionn 500 Comhlacht Ceadaithe Tithíochta (CCTanna) in Éirinn ag a bhfuil stoc de bheagnach 30,000 teach.

Tá Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (CCTanna) lárnach do sholáthar tithíochta sóisialta beartaithe an Rialtais le haghaidh na mblianta amach romhainn, d'fhonn méadú suntasach a dhéanamh ar an earnáil agus príomhról a bheith acu i seachadadh agus soláthar tithíochta sóisialta úir.



“Is é misean na hOifige Rialála sócmhainní tithíochta sóisialta a chosaint agus seirbhísí ardchaighdeáin a chinntiú do thionóntaí trí CCTanna dea-rialaithe, dea-bhainistithe agus inmharthana ó thaobh airgeadais de a rialáil.”

Dul chun cinn

Lean an Ghníomhaireacht sa bhliain 2015 le creat rialála a fhorbairt le cur chun feidhme tosaigh Creat um Chaighdeán agus um Measúnú Airgeadais maidir le Rialáil Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta in Éirinn. Lainseáladh é sin i mí Iúil 2015 agus thiomnaigh naoi gcinn de na CCTanna níos mó iad féin do pháirt a ghlacadh sa chéad chéim den mheasúnú faoin gcreat seo.

Lainseáladh an chéad tuarascáil bhliantúil de chuid na hOifige Rialála i mí Iúil fosta inar leagadh amach na sonraí ar an dul chun cinn a bhí déanta ar chur chun feidhme an Chóid agus, den chéad uair, soláthraíodh faisnéis inti maidir le struchtúr agus feidhmíocht earnáil na CCTanna.

Léiríodh sa tuarascáil bhliantúil go raibh beagnach 200 Comhlacht Ceadaithe Tithíochta (CCTanna) cláraithe leis an gCód agus lean an líon sin ag méadú le inn 2015, agus níos mó Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta rannpháirteach leis an Oifig Rialála. Foilsíodh na sonraí iomlána maidir le hobair na hOifige Rialála ina tuarascáil bhliantúil faoi leith i mí Dheireadh Fómhair 2016.



03

Réimse seirbhísí réitigh a sholáthar chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna náisiúnta tithíochta

Tosaíocht: Réiteach pírite

Bunaíodh an Scéim um Fheabhsúchán Pírite chun feabhas a chur ar áiteanna cónaithe a ndearnadh damáiste suntasach dóibh mar thoradh ar bhrú píriteach a tharla de barr ait nó truncála faoi leaca talún.

Rinneadh cinneadh Rialtais i mí na Nollag 2012 chun Bord um Réiteach Pírite (BRP) a bhunú ar bhun riaracháin. Thug an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ordú don Ghníomhaireacht Tithíochta tacaíochtaí riaracháin a thabhairt don Bhord um Réiteach Pírite (BRP) chun tabhairt faoina fheidhmeanna. Áiríodh air sin cur chun feidhme na scéime agus an próiseas deartha gnó.

Glacann an Bord um Réiteach Pírite iarratais faoi Scéim um Fheabhsúchán Pírite agus déanann sé maoirseacht ar chur chun feidhme an chláir feabhsúcháin phríte d'áiteanna cónaithe feabhsaithe. Cinneann sé scála an chláir agus na háiteanna cónaithe a bhfuil feabhas le cur orthu.

Cuireann an Ghníomhaireacht Tithíochta an Scéim um Fheabhsúchán Pírite (SFP) chun feidhme. Déanann an Ghníomhaireacht na hiarratais a chuireann an BRP ar aghaidh chuige a mheasúnú, agus déanann sí damáiste pírite a fhíorú iontu agus déanann sí moltaí ina leith. Fostaíonn an Ghníomhaireacht Tithíochta comhairligh innealtóireachta agus conraitheoirí tógála chun an obair

fheabhsúcháin ar thithe a bhfuil damáiste déanta ag pírit dóibh a dhéanamh.

Cuireann an Ghníomhaireacht Tithíochta tacaíochtaí riaracháin agus tacaíochtaí eile ar fáil chomh maith, lena n-áirítear bainistíocht ar an ioncam agus caiteachas don scéim.

Feabhsúchán Pírite in 2015

Ó lainseáladh an scéim an 26 Feabhra 2014, cuireadh 955 iarratas isteach, ar fud 37 forbairt ina raibh il-iarratais agus 63 iarratas aonair. In 2015, d'oibrigh an Ghníomhaireacht Tithíochta ar chur chun feidhme na scéime, ag obair laistigh de phainéil an chreata comhairleach agus conraitheoirí agus ag déanamh idirchaidrimh le húinéirí tí. Ag deireadh 2015, bhí 744 san iomlán cuimsithe sa scéim agus tugadh fógra do na hiarratasóirí dá réir sin. Cuireadh feabhas ar 153 áit chónaithe san iomlán. Bhí conarthaí oibre i bhfeidhm le haghaidh 10 dtionscadal lenar bhain 184 áit chónaithe san iomlán. Bhí céim na tairisceana agus réamhchonartha ar siúl le haghaidh ceithre thionscadal, lenar bhain 104 áit chónaithe agus chuir innealtóirí tús le Pleananna Oibreacha Feabhsúcháin do 4 thionscadal lenar bhain 246 áit chónaithe ar an iomlán.



Obair um fheabhsúchán pírite in 2015

Tosaíocht: Comhlánú talún

Tugadh isteach an Scéim Chomhiomlánaithe Talún in 2010 mar chuid de shocruithe athbhreithnithe le haghaidh maoiniú talún chun críche tithíocht shóisialta. Ba é ba phríomhchuspóir leis an Scéim cuidiú le foirceannadh iasachtaí de réir a chéile a thóg údaráis tithíochta amach chun talamh a cheannach don chlár infheistíochta do thithe sóisialta agus inacmhainne.

Glacadh iarratais darbh luach thart ar €163 milliún in iasachtaí isteach sa Scéim Chomhiomlánaithe Talún i ndáil le 73 láithreán d'achar iomlán thart ar 246 heicteár (ha).

Áirítear ar an tsuim €163 milliún €111 milliún maidir le 47 láithreán d'achar comhiomlán thart ar 173 heicteár. D'fhuascail na húdaráis áitiúla na hiasachtaí ar na láithreáin sin go hiomlán agus forchúitíodh maoiniú ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, faoi bhuntéarmaí na Scéime.

Tá an €52 milliún eile i ndáil le 26 láithreán d'achar comhiomlán thart ar 14 heicteár i bhfoirm iasachtaí blianachta, a bhfuil údaráis áitiúla ag déanamh aisíocaíochtaí ina leith don Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe. Is féidir aisíocaíocht blianachta dá leithéid a fhorchúiteamh ón Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil faoi réir go gcloíonn an t-údarás áitiúil le téarmaí na Scéime.

Rinneadh athbhreithniú ar an Scéim in 2013. Cuireadh an t-athbhreithniú sin i gcrích le heisiúint Imlitir 35/2013 an 11 Nollaig 2013, inar tugadh fógra do na húdaráis áitiúla maidir le scor na Scéime i ndáil le hiarratais úra.

Dul chun cinn

Faoin scéim, ní mór d'údaráis áitiúla talamh a glacadh isteach sa Scéim Chomhiomlánaithe Talún a aistriú chuig an nGníomhaireacht. Tá an Ghníomhaireacht Tithíochta freagrach as bainistíocht a dhéanamh ar an bpróiseas aistrithe lena n-áirítear gach gné theicniúil agus dhlíthiúil. As an 73 láithreán a glacadh isteach sa Scéim, tá 67 ceann dóibh aistrithe go hiomlán anois chuig úinéireacht na Ghníomhaireachta. Tá na 6 láithreán eile ag ardchéim sa próiseas aistrithe.

Tá fócas na Scéime aistrithe anois chuig bainistíocht agus úsáid amach anseo na dtailte atá sa Scéim.

Is í an Ghníomhaireacht Tithíochta an príomhchomhlacht atá freagrach as moltaí a thabhairt ar aghaidh maidir le húsáid optamach thailte na Scéime Comhiomlánaithe Talún i gcomhar leis na húdaráis áitiúla ábhartha agus faoi réir faomhadh ón Aire.

Tá an Straitéis um Thithíocht Shóisialta tiomnaithe do 35,000 aonad úr tithíochta sóisialta a chur ar fáil ag costas measta de €3.8 billiún thar an gcéad cúpla bliain eile. Mar thoradh air sin tá deiseanna d'fhorbairt Scéimeanna Comhiomlánaithe Talún ar fáil anois. Tá líon láithreán um Scéim Chomhiomlánaithe Talún á mbreithniú faoi láthair ag an nGníomhaireacht Tithíochta lena bhforbairt faoi fhorálacha na Straitéise um Thithíocht Shóisialta.

Léaráid 1 Suíomhanna láithreán a
glacadh isteach sa Scém
Chomhiomlánaithe Talún



Tosaíocht: Athnuachan agus athfhorbairt

Soláthraíonn an Ghníomhaireacht seirbhísí ailtireachta, innealtóireachta, pleanála, bainistíochta tionscadal, soláthair agus suirbhéirí cainníochta chun tacú le húdaráis áitiúla agus comhlachtaí ceadaithe tithíochta tithíocht shóisialta a sholáthar.

Tá sí mar aidhm aici foirgnimh agus áiteanna dea-dheartha lena gcuirtear feabhas ar cháilíocht beatha daoine aonair agus pobal a chur chun cinn agus a sheachadadh.

Soláthraíonn an Ghníomhaireacht comhairle saineolaithe, phraiticiúil ar thithíocht agus comhfhorbairt áite d'údaráis áitiúla, comhlachtaí deonacha, agus comhlachtaí stáit eile a bhaineann le cothabháil agus soláthar tithíochta. Déanann sí bainistíocht ar gach céim de thionscadail ó staidéir fhéidearthachta, ceapadh faisnéisithe, dearadh forbartha, soláthar, rialú costas, riarachán conarthaí, agus bainistíocht tionscadal go dtí seachadadh na dtionscadail críochnaithe.

Cuireadh na seirbhísí seo a leanas ar fáil in 2015:

Comhairle Cathrach Chorcaí

Athnuachan Cheathrú Iarthuaisceart Chorcaí (CNWQR – Céim 1b). Bhain an tionscadal seo le seirbhísí deartha, soláthair agus bainistíochta tionscadal do 29 áit chónaithe atá á bhforbairt faoi láthair.

Chomh maith leis sin sholáthair an fhoireann seirbhísí suirbhéireachta cainníochtúla agus comhairleacha costais do Chomhairle Cathrach Chorcaí le haghaidh líon scéimeanna údaráis áitiúil lena n-áirítear:

- Grúpscéim ag Cnoc an Chuillin
– 16 aonad agus ionad pobail
- Tithe ionlóna ag Machain
– 2 aonad ag an gcéim thosaigh
- Tithe ionlóna ag Bóthar na mBuaircíní
– 1 aonad ag an gcéim thógála
- Sráid Ghearailt Uí Ghríofa/Ascaill an Bhúrcraig
– 40 aonad ag an gcéim réamhphleanála
- Carraig an Deagánaigh – 64 aonad ag an gcéim réamhphleanála
- Athnuachan Cheathrú Iarthuaisceart Chorcaí (CNWQR – Céim 2a) ag an gcéim réamhphleanála

Do thionscadal Athnuachana Iarthuaisceart Chorcaí, d'ullmhaigh an Ghníomhaireacht treoir maidir le dearadh agus sholáthair sí seirbhísí leanúnacha um bainistíocht tionscadal, comhairle do chliant agus suirbhéireacht chainníochtúil.

Bhí sí páirteach chomh maith maidir le Breithmheas Caipitil a ullmhú d'fhorbairt tailte faoi úinéireacht Chomhairle Cathrach Chorcaí.

Comhairle Contae Mhuineacháin

Tugadh cúnamh do Chomhairle Contae Mhuineacháin le seachadadh rathúil agus tabhairt de láimh scéime tithíochta athchóirithe agus oibreacha fairsinge láithreáin lena bhain laistigh d'am agus de bhuiséad ceadaithe (Mullach Meata, Céim 3).

Lean an Ghníomhaireacht de bheith páirteach i Mullach Meata, Céim 4. Tá seirbhísí soláthair, bainistíochta tionscadal agus deartha á soláthar d'athchóiriú áiteanna cónaithe údaráis áitiúil agus oibreacha láithreáin lena mbaineann.

Sa Bhrí i mBaile na Lorgan, sholáthair an Ghníomhaireacht seirbhísí deartha agus bainistíochta tionscadal do 8 n-áit chónaithe.

Comhairle Contae Chiarraí

I dTrá Lí, d'ullmhaigh an Ghníomhaireacht iarratas Chuid 8 d'oibreacha ríochta poiblí. Soláthraíodh seirbhísí deartha agus bainistíochta tionscadal do cheithre áit chónaithe le haghaidh cóiríocht Taistealaithe, 11 áit chónaithe ar Chorrán an Mhistéalaigh agus dhá áit chónaithe ag Ardán an Bhaile.

Comhairle Contae Lú

Tugadh cúnamh do Chomhairle Contae Lú le Lárionad Spóirt Dhún Dealgan trí sholáthar seirbhísí deartha agus bainistíochta tionscadal chun an lárionad spóirt a bhí ann cheana a scartáil agus a shíniú.

Comhairle Contae Chill Dara

Sholáthair foireann na Gníomhaireachta Tithíochta saintacaíocht do Chomhairle Contae Chill Dara. Thug an fhoireann tacaíocht ghairmiúil soláthair chun cuidiú le forbairt creata do chomhairligh deartha ar chlár tithíochta an údaráis áitiúil.

Údaráis áitiúla eile

Cuireadh tacaíocht ar fáil d'údaráis áitiúla eile trí sholáthar Suirbhéanna Coinníil agus Bearnaí agus an measúnú teicniúil ar iarratais ar Dheimhnithe Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas.

Chuir an fhoireann tacaíocht pleanála ar fáil do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus seirbhísí tacaíochta teicniúla do Chomhairle Contae Loch Garman.

Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (le hatreorú ó Chomhairle um Thithíocht Shóisialta na hÉireann)

In 2015, sholáthair an Ghníomhaireacht seirbhísí soláthair sainchomhairleoireachta do na comhlachtaí ceadaithe tithíochta seo a leanas:

- Teach Edel do Thearmann ban – agus leanaí an Aoire Mhaith
- Seirbhísí Tithíochta Sóisialta an Rátha (6 aonad)
- Cumann Tithíochta Sóisialta Ros Ó gCairbre (9 n-aonad)
- Coiste Tithe Laoire Teo, Maigh Chromtha (3 aonad)
- Cumann Tithíochta Deonaí Thrá Mhór (18 n-aonad)

Chuir an Ghníomhaireacht tacaíocht pleanála ar fáil chomh maith don Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus chuidigh sí leis an Údarás Náisiúnta Míchumais trí anailís costas maidir le tithíocht ar feadh an tsaol a chur ar fáil dóibh.

I gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, údarais áitiúla, comhlachtaí ceadaithe tithíochta agus geallsealbhóirí eile, tá an dóigh is fearr a bhféadfadh an fhoireann theicniúil leanúint le tacaíocht a thabhairt d'údarais áitiúla agus do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta á cinneadh ag an nGníomhaireacht faoi láthair. Tá sé beartaithe go mbeidh an phríomhbhéim, amach anseo, ar éascaíocht a dhéanamh d'fhorbairt tionscadal agus comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil trí sholáthar réimse seirbhísí tacaíochta teicniúla agus comhairleacha,

go háirithe sula gceapfar na foirne deartha. Leanann an Ghníomhaireacht le tacaíocht a thabhairt go dtí go gcuirtear na tionscadail tithíochta agus tionscadail lena mbaineann i gcrích.

Idirchaidreamh Pobail

D'fhostaigh an Ghníomhaireacht Tithíochta Oifigeach Idirchaidrimh Pobail Neamhspleách (OIPN) i Sligeach a oibríonn in Athnuachan Oirthear na Cathrach (an Crann Mór agus a phluráin). Tugadh an tseirbhís sin isteach ar iarratais ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil in 2011, chun cuidiú a thabhairt le rannpháirtíocht i bpróiseas máistirphleanála na hathnuachana. Oibríonn an tOifigeach Idirchaidrimh Pobail Neamhspleách ar bhonn neamhspleách le cónaitheoirí, ionadaithe pobail agus geallsealbhóirí sa réimse athnuachana chun tacaíocht, cúnaimh agus cumhacht a thabhairt do phobail áitiúla agus lena chinntiú go mbeidh guth acu agus go ndéanfar ionadaíocht ar a son tríd an gcúig chéim de phróiseas máistirphleanála na hathnuachana.

Díríodh in obair in 2015 ar thacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí cónaitheoirí agus do ghrúpaí pobail chun páirt a ghlacadh sa phróiseas pleanála agus éascaíocht a dhéanamh d'aiseolas cónaitheoirí de réir mar a chuaigh an próiseas pleanála athnuachana ar aghaidh.

D'eagraigh OIPN cuairt faisnéise go Trá Lí fosta le tacaíocht ó Oifig Athnuachana an Chrainn Mhóir, le forbheathnú a dhéanamh ar obair athnuachana ag an suíomh sin, labhairt le geallsealbhóirí agus an ceacht seo a thabhairt ar ais go Sligeach.



“Rath suntasach amháin in 2015 ba ea ceannach os cionn 150 teach thar ceann údarás áitiúil ar fud na tíre.”



04

Bheith ina lárionad eolais do bheartas agus cleachtas tithíochta

Tosaíocht: Taighde ar thithíochta

Soláthraíonn an Ghníomhaireacht Tithíochta anailís sonraí agus seirbhísí taighde agus cuireann sí taighde agus meastóireacht ar fáil. Taighde a rinneadh in 2015:

Ráiteas Náisiúnta maidir le Soláthar agus Éileamh Tithíochta 2014 agus an tIonchas do 2015-17.

Bhí gníomhaíocht 1 de *Tógáil 2020* tiomnaithe d'fhorbairt Ráiteas Náisiúnta maidir le Soláthar agus Éileamh Tithíochta. Chuir an Ghníomhaireacht an chéad tuarascáil dá leithéid ar fáil agus foilsíodh í in Iúil 2015.

Sa Ráiteas Náisiúnta cuirtear príomhshonraí agus anailís ar fáil do na treochtaí soláthair agus éilimh tithíochta in Éirinn chomh maith le forbheathnú ar riachtanais tithíochta amach anseo. Léiríodh sa tuarascáil cé go bhfuil comharthaí téarnaimh á dtaispeáint san earnáil tithíochta, tá luas an éilimh ag fás níos gaiste ná an soláthar.

Eispéiris Teaghlach ar Shlite isteach san Easpa Dídine.

I gcomhthéacs ábhar imní atá ag méadú faoin líon teaghlach atá ag teacht chuig na seirbhísí do dhaoine gan dídean, fuair an Ghníomhaireacht iarratas ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil chun staidéar um thaighde cáilíochtúil a dhéanamh chun díriú ar eispéiris na dteaghlach sin agus a slite isteach san easpa dídine, chun bonn eolais a chur faoi fheagairtí beartais. Bhain an taighde le hagallaimh a dhéanamh le 30 teaghlach gan dídean agus foilsíodh iad i mí Mheán Fómhair 2015. Bhí an chuid ba mhó do na teaghlaigh a cuireadh faoi agallamh ina gcónaí i dtithíocht ar cíos san earnáil phríobháideach sa chás gur éirigh na cíosanna róchostasach. Déantar tuairisciú sa taighde ar an iarmhairt a bhí ag an easpa dídine ar na teaghlaigh sin agus ar a n-uaimhianta tithíochta.



Achoimre ar shonraí

ón Ráiteas Náisiúnta maidir le Soláthar agus Éileamh Tithíochta 2014 agus an tlonchas do 2015-17

Éileamh

Leanfar leis an méadú ar thithíocht toisc go bhfuil an daonra ar an líon is airde le 150 bliain ag

4.6 milliún



Is é an meánsoláthar a theastaigh in aghaidh na bliana ó 2015-17 ná

Soláthar 20,916 teach



Baile Átha Cliath
+9.6%

Lasmuigh de Bhaile Átha Cliath
+5.3%

Tá Inacmhainneacht

ina fadhb do theaghlaigh i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, go háirithe do chíosaithe agus teaghlaigh ina bhfuil duine amháin

Tháinig laghdú ar an leibhéal cíosa sa tréimhse 2007-2014 agus méadú de réir a chéile in 2014



€260,000
(suas ó €220,264 in 2013)

€152,500
(suas ó €140,000 in 2013)

Méid Teaghlaigh



Tá laghdú tagtha ar an méanmhéid teaghlaigh sa tír le 9 mbliana anuas, ó mheán

3.04 in 2002
go 2.77 in 2011

Tiocfaidh laghdú eile air faoi 2018 go 2.67



Léirítear sa Suirbhé um Infhaighteacht Talún Cónaithe gur féidir le hachar iomlán na talún críosaithe ar fud na tíre tacú le

414,000
aonad tithíochta



Rinne an Ghníomhaireacht taighde chomh maith chun meastachán a chur ar fáil maidir le líon na ndaoine a raibh cóiríocht do dhaoine gan dídean faoi Neamh-Alt 10 á húsáid acu (chun figiúr níos cruinne ar an iomlán a fháil maidir le daoine gan dídean). Rinneadh an tionscadal seo ar iarratas ón gCoiste Náisiúnta Comhairle do Dhaoine gan Dídean.

Comhdháil na gCleachtóirí Tithíochta 2015

Ba é téama chomhdháil na gcleachtóirí tithíochta don bhliain sin *An Straitéis um Thithíocht Shóisialta a Sheachadadh*. Eagraíodh an chomhdháil i gcomhpháirt leis an bhForas Riaracháin agus d'oscail an tAire Alan Kelly, TD go hoifigiúil í. Mealladh 140 toscaire chuici agus áiríodh inti cuir i láthair maidir le cur chun feidhme na Straitéise, soláthar agus maoiniú tithíochta agus athchóiriú inbhuanaithe na earnála cíosa agus tithíochta sóisialta.

Bainistíocht Éifeachtúil Bearnaí in Éirinn – Sraith Straitéisí Dea-Chleachtas

I gcomhpháirtíocht leis an Institiúid Chairte Tithíochta (Éire), d'fhoilsigh an Ghníomhaireacht treoirlínte um dhea-chleachtas maidir le Bainistíocht Éifeachtúil Bearnaí (bainistíocht tithe sóisialta folmha). Scaipeadh na treoirlínte ar bhonn náisiúnta ar chleachtóirí tithíochta agus forbraíodh cúrsa oiliúna mar chuid den phlean um scaipeadh.

Dul chun cinn ar Fhorbairtí Neamhchríochnaithe

I mí na Nollag 2015, rinne an Ghníomhaireacht an ceathrú tuarascáil bhliantúil ar fhorbairtí neamhchríochnaithe a fhoilsiú i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Tá laghdú 75% tagtha ar líon na bhforbairtí neamhchríochnaithe thar 5 bliana, réitíodh 324 forbairt in 2015.

Cóiríocht Taistealaithe

Ar iarratas ó Choiste Náisiúnta Comhairleach na Cóiríochta do Thaistealaithe, choimisiúnaigh an Ghníomhaireacht taighde ar eispéireas na dTaistealaithe ar thithíocht ar chíos san earnáil phríobháideach. Ba iad RSM McClure Watters (PACEC anois) na tairgeoirí rathúla don tionscadal taighde seo agus bhí obair ar siúl ag deireadh 2015.

Comhordú Straitéis Tithíochta Bhaile Átha Cliath

Ar iarratas ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, d'iarr an Ghníomhaireacht ar thairgeoirí páipéar a ullmhú ar ghnéithe Straitéis Tithíochta 4 údarás áitiúla de chuid Bhaile Átha Cliath. Ba iad McCutcheon Halley Walsh na tairgeoirí rathúla agus cuireadh tús le hobair chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcleachtas reatha sna ceithre údarás áitiúla de chuid Bhaile Átha Cliath chun breathnú ar an luach agus acmhainneacht do chomhordú feabhsaithe in ullmhú straitéisí tithíochta sna ceithre limistéar.


Bhí an obair sin beagnach críochnaithe faoi dheireadh 2015.

Riachtanais Tithíochta Amach Anseo Daonra atá ag Dul in Aois

In mí na Nollag 2015, d'iarr an Ghníomhaireacht tairiscintí le haghaidh staidéir chun tuarascáil a dhéanamh ar riachtanais reatha agus amach anseo daonra in Éirinn atá ag dul in aois. Bainfidh an tionscadal le hathbhreithniú litríochta agus beartais, suirbhé náisiúnta, ceardlanna deartha agus tuarascáil deiridh. Cuirfear tús leis an obair seo in 2016 agus beidh sí á déanamh i gcomhpháirtíocht le Ireland Smart Ageing Exchange (ISAX)

Tacaíocht do Chomhlachtaí Poiblí eile:

Rinne an Ghníomhaireacht Tithíochta obair thaighde eile thar ceann comhlachtaí stáit tithíochta eile le linn 2015, go sonrach Feidhmeannacht um Dhaoine ar Easpa Dídine Réigiún Bhaile Átha Cliath, an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha (BTCP) agus an Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúcháireachta (CNMI). Cumhdaíodh sna tionscadail sin anailís maidir le sonraí ar dhaoine gan dídean, dréachtú clár um maoiniú taighde do thithíocht ar chíos san earnáil phríobháideach agus comhthiomsú sonraí údaráis áitiúil.



Tosaíocht: Tacaíocht do Chleachtóirí Tithíochta

Leanann an Oifig Rialála le gach fiosriúchán ó chleachtóirí tithíochta údaráis áitiúil a láimhseáil i dtaca le beartais tithíochta sóisialta. Is fiosriúcháin iad sin den chuid is mó a bhaineann le bainistíocht tithíochta e.g. cíosanna, measúnuithe agus leithdháiltí. Is iad seo a leanas cuid de na príomhréimsí oibre atá á ndéanamh againn:

Measúnú ar Riachtanas Tithíochta

In 2015, d'oibrigh an Gníomhaireacht leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil chun an mhodheolaíocht agus na sonraíochtaí teicniúla a fhorbairt don Achoimre ar na Measúnuithe um Thithíocht Shóisialta 2016. D'fhorbair an Oifig Rialála doiciméad treorach tosaigh atá ceaptha le gabháil leis na Rialacháin fhoirmiúla agus an Imlitir fhoirmiúil a eiseofar in 2016 chuig údaráis áitiúla.



Lámhleabhar Tithíochta

Tá an Lámhleabhar Tithíochta ina fhoinse thábhachtach do chleachtóirí údaráis áitiúil. Faoi láthair, as an 1,000 úsáideoir cláraithe, tá 700 díobh lonnaithe in údaráis áitiúla.

Tá an Lámhleabhar Tithíochta bainistithe ag an bhfoireann san Oifig Rialála agus tugtar cothrom le dáta é leis na himlitreacha is déanaí, ábhair ó cheardlanna agus ó sheimineáir agus tugtar faisnéis fhoriomlán ann faoi bheartais agus scéimeanna éagsúla, lena n-áirítear na cinn a bhaineann le bainistíocht, soláthar tithíochta agus le bealaí chuig úinéireacht tí.

Seirbhísí Corparáideacha

Déanann Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha bainistíocht ar na tacaíochtaí riachtanacha uile don eagraíocht agus struchtúir chun cuidiú leis an mBord a fhís, a shainordú agus a spriocanna a sheachadadh ar mhodh éifeachtúil. Áirítear orthu sin rialachas corparáideach agus rúnaíocht, rialú agus cuntasáocht airgeadais, acmhainní daonna agus pleanáil lucht oibre, teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, cumarsáid

“ Sa Gníomhaireacht Thithíochta, creidimid nach mór cóiríocht inacmhainne, inbhuanaithe agus sách maith a bheith ina sprioc náisiúnta. Táimid spreagtha ag tuiscint ar an ról lárnach atá ag an tithíocht i gcáilíocht beatha agus deiseanna saoil daoine.”

05

Ráitis Airgeadais

Freagrachtaí na gcomhaltaí boird

Ráitis Airgeadais

Ceanglaítear in Alt 11(1) den Ordú um fan an nGníomhaireacht Tithíochta agus Pobail Inbhuanaithe (Bunú), I.R. Uimh. 264 de 2012, go gcoimeádfaidh an Gníomhaireacht Tithíochta, i cibé foirm a cheadóidh an tAire le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, gach cuntas is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh sé nó a chaithfidh sé agus, go háirithe, go gcoimeádfaidh sí na cuntais speisialta sin go léir a ordóidh an tAire ó am go ham le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Faoi Alt 25 den Acht um Réiteach Píríte, 2013 ceanglaítear ar an nGníomhaireacht Tithíochta ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn bliantúil agus iad a chur faoi bráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh.

Agus ná ráitis sin a n-ullmhú ag an nGníomhaireacht Tithíochta ceanglaítear uirthi:

- Beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus ciallmhar;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin sa chás nach cuí a thiomhdiú go leanfaidh an tÚdarás i mbun oibre;
- A shonrú cibé acu ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme, na caighdeáin sin a aithint, agus an éifeacht agus na cúiseanna le himeacht ábhartha ar bith ón gcaighdeán sin a shonrú.

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go gcoinneoidh an Gníomhaireacht taifid chuntasaíochta chuí nó go dtugann sí faoi deara iad a choinneáil ina ndéantar idirbhearta na Gníomhaireachta Tithíochta a mhíniú agus a thaifeadadh maidir is ceart, le go mbeifear ábalta sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó cailteanas na Gníomhaireachta Tithíochta a dhearbhu go cruinn réasúnta, rud a chuirfear ar chumas an Bhoird a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais ag cloí le hAlt 11(1) den Ordú (Bunú), 2012 agus Alt 25(1) den Acht um Réiteach Píríte 2013. Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní na Gníomhaireachta Tithíochta a chosaint agus, dá bhrí sin as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Sínithe thar ceann an Bhoird



Conor Skehan
Cathaoirleach



John O'Connor
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Dáta: 20 Nollaig 2016

Ráiteas maidir le rialú inmheánach airgeadais

Córas Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Tá an Bord freagrach as córas rialaithe inmheánaigh airgeadais na Gníomhaireachta um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe. Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta seachas deimhniú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go bhfuil earraí nó mírialtachtaí á gcosc nó á mbrath i dtréimhse thráthúil.

Príomhnósanna Imeachta

Tá bearta déanta ag an nGníomhaireacht chun timpeallacht rialaithe chuí a choinneáil trí:

- Freagrachtaí bainistíochta a shainiú go soiléir agus seirbhísí agus earraí á bhfáil chun an luach is fearr agus is féidir a fháil don Gníomhaireacht Tithíochta;
- Rialuithe agus nósanna imeachta a bhunú chun comhlíonadh ceanglas náisiúnta agus AE maidir le soláthar a chinntiú;
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú.

Bhunaigh an Gníomhaireacht próisis chun rioscaí gnó a shainaithint agus a mheasúnú trí:

- Cineál, méid agus impleacht airgeadais na rioscaí atá ina mbaol don chomhlacht a aithint, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheasann sé a bheith inghlactha;
- Measúnú a dhéanamh ar an gcosúlacht go dtarlódh na rioscaí a shainaithnítear;
- Measúnú a dhéanamh ar chumas an chomhlachta na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú;
- Measúnú a dhéanamh ar na costais a bhaineann le rialuithe faoi leith a oibriú i gcomparáid leis an tairbhe a fhaightear.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreat lena gcuimsítear faisnéis rialta don lucht bainistíochta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligthe agus cuntasachta.

Áirítear air sin, go sonrach:


- Córas buiséadaithe le buiséad bliantúil a ndéanann an Bord athbhreithniú agus aontú air;
- Athbhreithnithe ag an mBord ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn an fheidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastacháin;
- Spriocanna a leagan síos chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas.

Tháinig an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca le chéile ar bhonn rialta faoi na téarmaí tagartha foirmiúla. Seachfhóinsíonn an Gníomhaireacht Tithíochta a feidhm iniúcháireachta inmheánaí, ach tá Oifigeach Iniúcháireachta Inmheánaí aici chomh maith chun seiceálacha treallach rialta a dhéanamh. Tá an chumhacht ag an gCoiste athbhreithniú a dhéanamh ar chúrsaí ar bith a bhaineann leis na córais rialaithe inmheánaigh agus an Oifigeach Iniúcháireachta Inmheánaí.

Athbhreithniú maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais le haghaidh 2015.

Táim sásta gur chloígh an Gníomhaireacht Tithíochta leis na bearta agus an treoir ábhartha uile faoina rialáitear an Gníomhaireacht Tithíochta agus gur chloígh sé leis an treoir atá leagtha síos ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le rialachas. Sonraíodh go raibh roinnt réimsí ann faoi sholáthar sa chás nár cloíodh go hiomlán leis an bpróiseas caighdeánach. Tá an Gníomhaireacht Tithíochta tiomanta dá leanúint le feabhas a chur a nósanna imeachta soláthair, agus tá bearta chun dul i ngleic leis sin á gcur chun feidhme.



Conor Skehan
Cathaoirleach

Dáta: 20 Nollaig 2016

an Ard-reachtair Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An Gníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015, dá foráiltear faoi Ordú fán an nGníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe (Bunú) 2012 agus Alt 25 den Acht um Réiteach Pírite 2013, i dtaca le hairgead a fuair sí agus a chaith sí faoin Ordú agus faoin Acht araon. Cuimsítear sna ráitis airgeadais an ráiteas ioncaim agus caiteachais, an ráiteas maidir le hioncam cuimsitheach, an ráiteas maidir leis an staid airgeadais, an ráiteas maidir le hathruithe ar na cúlchistí, an ráiteas maidir le sreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm a ordaítear faoi Alt 11 den Ordú agus Alt 25 d'Acht 2013, agus de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis.

Freagrachtaí Chomhaltaí na Gníomhaireachta

Tá an Gníomhaireacht freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugtar léargas fíorcheart iontu agus rialtacht na n-idirbheart a chinntiú

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá sé d'fhreagracht ormsa iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus iad a thuairisciú de réir an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh faoi threoir na mbreithnithe speisialta atá ceangailte ar na comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistíocht agus oibriú.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Éire agus an Ríocht Aontaithe) agus i gcomhréir leis na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúcháirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúcháireachta.

Raon feidhme an Iniúchta ar na ráitis airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh fianaise a fháil maidir leis na méideanna agus an nochtadh sna ráitis airgeadais, ar leor iad chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu trí chalaos nó trí earráid. Áirítear ar sin measúnú ar an méid seo a leanas:

- Cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca na Gníomhaireachta, ar cuireadh i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach iad agus ar nochtadh go sásúil iad;
- Réasúntacht na meastachán cuntasaíochta suntasach a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- Cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Féachaim le fianaise a fháil chomh maith faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam.

Chomh maith leis sin, léim tuarascáil bhliantúil na Gníomhaireachta chun a fháil amach an bhfuil neamhréireachtaí ábhartha ann leis na ráitis airgeadais iniúchta agus chun a fháil amach an bhfuil faisnéis ar bith ann atá mícheart de réir cosúlachta bunaithe ar an eolas a fhaighim nó neamh-comhsheasmhach go hábhartha leis agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam. Má thagaim ar mhírítis nó neamhréireachtaí ábhartha follasacha ar bith breathnaím ar na himpleachtaí a bheidh i gceist do mo thuarascáil.

Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

Is é mo thuairim, go bhfuil an méid seo a leanas fíor faoi na ráitis airgeadais:

- Go dtugtar léargas fíorcheart iontu maidir le sócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Gníomhaireachta amhail an 31 Nollaig 2015 agus ar an hioncam agus caiteachas do 2015; agus
- Rinneadh iad a ullmhú go cuí de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis.

Is í mo thuairim, go raibh taifid chuntasáíochta na Gníomhaireachta dóthanach le hiniúchadh a dhéanamh go héasca agus go cuí ar na ráitis airgeadais. Tagann na ráitis airgeadais leis na taifid chuntasáíochta.

Cúrsaí ar a ndéanaim tuairisc trí eisceacht

Déanaim tuairisc trí eisceacht mura bhfaighim an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaíonn uaim d'iniúchadh, nó má fhaighim:

- Cás ábhartha ar bith nár cuireadh airgead i bhfeidhm chun na críocha dá raibh sé beartaithe nó sa chás nach gcloíonn na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad, nó
- Nach bhfuil an fhaisnéis a tugadh i dtuarascáil bhliantúil na Gníomhaireachta comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais ghaolmhara nó leis an eolas a fuair mé agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam, nó
- Nach léiríonn an ráiteas maidir le rialú inmheánach airgeadais comhlíonadh na Gníomhaireachta maidir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- Go bhfuil cúrsaí ábhartha eile ann i dtaca leis an dóigh inar stiúradh an gnó poiblí.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí sin ar a ndéantar tuairisciú trí eisceacht.



Patricia Sheehan
Ar son agus thar ceann an Ard-Reachtair
Cuntas agus Ciste

Dáta: 23 Nollaig 2016

Ráiteas maidir le beartais chuntasaíochta

10.1 Bunú na Gníomhaireachta Tithíochta

Bunaíodh an Gníomhaireacht Tithíochta roimhe seo ar bhonn reachtúil an 1 Lúnasa 2012 (Lá an Bhunaithe) faoin Ordú fan an nGníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe (Bunú) 2012 (I.R. Uimh. 264 de 2012). Bhí an bunú sin de thoradh achtú an Achta Rialtais Áitiúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2012. Leagtar amach in alt 5 den Ordú (Bunú) feidhmeanna na Gníomhaireachta faoi mar a leanas:

- (a) seirbhísí comhroinnte agus láraithe;
- (b) seirbhísí taighde, comhairleacha, faisnéise agus oiliúna;
- (c) seirbhísí sainchomhairleoireachta, teicniúla agus pleanála straitéisí;
- (d) seirbhísí soláthair,
- (e) seirbhísí gníomhaireachta;
- (f) ar iarratas ón Aire, ullmhú, coinneáil, eagrú agus foilsíú innéacsanna réadmhaoine cónaithe, lena n-áirítear innéacsanna i dtaca le díolacháin tithe cónaithe agus cíosanna réadmhaoine cónaithe;
- (g) eagrú, comhordú agus soláthar athnuachana sóisialta agus eacnamaíche, lena n-áirítear forbairt agus feabhsú talún agus bonneagair; agus
- (h) comhordú agus cur le réiteach ceisteanna a bhaineann le forbairtí tithíochta neamhchríochnaithe.

D'oibrigh an Gníomhaireacht Tithíochta trí Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe Teoranta (Housing and Sustainable Communities Limited (HSC Ltd)) ó 2011 go dtí Bealtaine 2013, agus í ag feitheamh lena bunú foirmiúil le hionstraim reachtúil. Fochuideachta is ea Tithíocht agus Pobail Inbhuanaithe Teoranta de chuid na Gníomhaireachta Foirgníochta Náisiúnta Teoranta (GFN). Le linn 2013, rinneadh sócmhainní agus dliteanais uile Tithíocht agus Pobail Inbhuanaithe Teoranta (HSC Ltd) a aistriú chuig an nGníomhaireacht Tithíochta. Tá feidhm, freagracht agus ról Tithíocht agus Pobail Inbhuanaithe Teoranta (HSC Ltd) glactha agus á ndéanamh ag an nGníomhaireacht Tithíochta. Baineann HSC Ltd den chlár go hoifigiúil an 6 Márta 2016.

I measc na sócmhainní a aistríodh bhí forbairt Tailte (nóta 9) agus tailte atá á gcoinneáil faoin Scéim Chomhiomlánaithe Talún (nóta 14).

Bunaíodh an Bord um Réiteach Píríte an 10 Eanáir 2014 faoi Acht um Réiteach Píríte 2013. Is iad príomhfheidhmeanna an Bhoird scéim a dhéanamh le haghaidh réiteach pírite agus an scéim a chur chun feidhme agus maoirseacht a dhéanamh uirthi.

Faoin Acht, is é ról na Gníomhaireachta go bunúsach an scéim a riar agus íocaíochtaí a dhéanamh thar ceann an Bhoird um Réiteach Píríte. Tá POF na Gníomhaireachta Tithíochta cuntasach do Choistí an Oireachtais maidir le cuntais agus caiteachas an Bhoird um Réiteach Píríte.

10.2 Bunús an Ullmhaithe

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102, an Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann. Tá na ráitis tugtha san fhoirm a cheadaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Tá faisnéis maidir leis an tionchar ar ghlacadh céaduaire FRS102 tugtha i nóta 12(a).

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le FRS102 ní mór meastacháin chuntasaíochta chriticiúla áirithe a úsáid. Éilítear leis chomh maith ar an lucht bainistíochta breithiúnas a fheidhmiú maidir leis na beartais chuntasaíochta a chur i bhfeidhm.

Cuireadh na príomhbheartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm.

10.3 Gnóthas Leantach

Ullmhaítear na cuntais ar bhonn gnóthais leantaigh.

10.4 Beartas Ioncaim

Léiríonn an t-ioncam deontais, táillí, ioncam cíosanna agus forchúitimh eile na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil a úsáidtear chun gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta Tithíochta a mhaoiniú agus cúnadh á sholáthar aici don Roinn agus d'Údarás Áitiúla chun beartais tithíochta a chur chun feidhme. Aithnítear loncam

ó Dheontais a fhaightear chun gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta Tithíochta ar bhonn fáltais airgid thirim.

Déanann an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil maoiniú a réamhíoc leis an nGníomhaireacht Tithíochta maidir le costais a thabhaíonn sí maidir leis an Scéim um Fheabhsúchán Piríte. Déantar ioncam a aithnítear sna ráitis airgeadais a chomhoiriúnú leis an gcaiteachas a tabhaíodh sa tréimhse. Sa chás go sáraíonn an caiteachas méid an deontais a tarraingíodh as i ndáiríre, aithnítear na méideanna atá dlite ón Roinn mar fhéichiúnaí. Aithníonn an Gníomhaireacht méid mar ioncam tiomanta sa chás gur tharraing sí as méideanna sa bhreis ar an gcaiteachas.

Léiríonn ioncam ó tháillí gairmiúla an t-ollioncam lúide cáin bhreislúacha (CBL) oibre a rinneadh le linn na tréimhse.

Aithnítear ioncam ó tháillí maidir le hobair a cuireadh i gcrích, ach nár sonrasaíodh fós. Déantar an luach a ríomh bunaithe ar chur i gcrích céatadáin na hoibre, agus áirítear air costais agus brabús. Aithnítear an méid atá dlite mar ioncam agus áirítear é mar shócmhainn.

10.5 Sócmhainní Seasta Inláimsithe agus Dímhéas

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ag luach an chostais lúide dímhéas carntha. Áirítear ar an gcostas na costais uile atá inchurtha go díreach i leith an tsócmhainn a chur i riocht oibre dá húsáid bheartaithe.

Soláthraítear dímhéas ar na sócmhainní seasta inláimhsithe ar fad, ar rátaí a ríomhtar chun an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne a dhíscríobh go córasach thart a saolré úsáideach measta, mar seo a leanas:

Daingneáin, feistis agus trealamh	-12.5% Méid Cothrom
Talamh agus Foirgneamh	-2% Méid Cothrom
Trealamh Ríomhaireachta	-20% Méid Cothrom

10.6. Talamh Forbraíochta

Cheannaigh an Gníomhaireacht Foirgníochta Náisiúnta Teoranta (GFN) agus Tithíocht agus Pobail Inbhuanaithe Teoranta (HSC Ltd.) forbairtí atá faoi sheilbh na Gníomhaireachta Tithíochta i dtosach chun críche forbartha amach anseo. Mar chuid den phróiseas réasúnaíochta, aistríodh na sócmhainní sin chuig an nGníomhaireacht Tithíochta. Aistríodh iad sin chuig an nGníomhaireacht Tithíochta in 2013 ag a luach margaidh

oscailte. Ba ionann luach iomlán na n-focaíochtaí sin nuair a aistríodh iad agus €1,441,247 (nóta 9).

Níl an talamh á forbairt faoi láthair. Tá sé beartaithe, sa chás go bhfuil an talamh sin oiriúnach do thithíocht, cibé acu tithíocht shóisialta nó chun críche tithíochta eile, go n-úsáidfeadh í chun na críche seo, dá mbeidh gá leis sin sa limistéar. Dhéanfaí úsáid fhéideartha ar bith as na láithreáin sin a chinneadh i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

10.7 An Scéim Chomhiomlánaithe Talún

D'fhorbair an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil an Scéim Chomhiomlánaithe Talún in 2010, chun maolú a dhéanamh ar ualach airgeadais na n-údarás áitiúil agus iasachtaí á bhfáil acu ón nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe (GAT), sa chás nár cuireadh forbairt tuartha ar aghaidh agus sa chás go raibh na hiasachtaí le híoc ar ais.

Faoi scéim, d'fhéadfaí breithniú ar údarás áitiúla chun talamh forbartha cónaithe a aistriú ar a raibh iasachtaí ón nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe (GAT) leis an nGníomhaireacht Tithíochta fós le híoc. Aistríodh talamh chuig an nGníomhaireacht Tithíochta ar tháille ainmniúil €1.

Rinne an Gníomhaireacht Tithíochta measúnú ar thailte ar bith a beartaíodh faoin scéim, agus d'eisigh sí moladh chuig an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil maidir le cinneadh a bhí le déanamh faoi ar cheart nó nár cheart na tailte a chuimsiú sa scéim. Ní fhéadfaí ach tailte lena raibh acmhainneacht forbartha cónaithe réasúnta agus nach raibh pleananna ar bith chun iad a fhorbairt sa gheartármach go dtí an méantéarma a aistriú.

Tá réadmhaoine a aistríodh chuig an nGníomhaireacht Tithíochta faoin Scéim Chomhiomlánaithe Talún á gcoinneáil faoi iontaobhas thar ceann na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Tá an Gníomhaireacht Tithíochta freagrach as bainistíocht agus cothabháil na dtailte a aistríodh faoin scéim. Níl an t-údarás ag an nGníomhaireacht Tithíochta láithreán a dhiúscairt nó a fhorbairt, gan cead ón Aire.

Toisc nach bhfuil an talamh a cheannaigh an Gníomhaireacht Tithíochta faoin scéim chomhiomlánaithe talún i leith mionchomaoine coinnithe go tairbhíúil áirítear é dá bhrí sin ar luach nialais sna ráitis airgeadais seo.

Le linn na tréimhse 12 mhí go 31 Nollaig 2015, aistríodh 20 láithreán chuig an nGníomhaireacht Tithíochta ó

údaráis áitiúla ag fágáil go bhfuil 59 láithreán ar an iomlán faoi sheilbh an nGníomhaireacht Tithíocht faoin Scéim Chomhiomlánaithe Talún (Nóta 14).

10.8 Féichiúnaithe

Déantar féichiúnaithe gearrthéarmacha a thomhas ag praghas na n-idirbheart, lúide bearnú ar bith.

10.9 Banc

Léirítear an t-airgead tirim le taiscí airgid thirim le hinstiúidí airgeadais.

10.10 Ionstraimí airgeadais

Ní théann an Ghníomhaireacht isteach ach i mbun-idirbhearta ionstraimí airgeadais a mbíonn aitheantas sócmhainní agus dliteanas airgeadais mar thoradh orthu amhail trádáil agus cuntais infhála agus iníochta, iasachtaí ó bhainc agus ó thríú páirtithe eile, iasachtaí a bhaineann le páirtithe gaolmhara agus infheistíochtaí i ngnáthscaireanna neamh-indíola.

Déantar ionstraimí fiachais (seachas na cinn atá inaisíochta nó infhála go hiomlán laistigh de bhliain amháin), lena n-áirítear iasachtaí agus cuntais infhála agus iníochta eile, a thomhas i dtosach ar luach reatha na sreafaí airgid thirim amach anseo agus ina dhiaidh sin ag an gcostas amúchta trí úsáid a bhaint as modh an ghlanráta úis. Déantar ionstraimí fiachais atá iníochta nó infhála laistigh de bhliain amháin, suimeanna iníochta nó infhála de ghnáth, a thomhas i dtosach agus ina dhiaidh sin, ag méid lascainithe an airgid thirim nó comaoine ar bith, a bhfuiltear ag súil lena hóc nó lena fáil. Mar sin féin más ionann socruithe uirlise gearrthearmaí agus idirbheart airgeadais, amhail íocaíocht fiachas trádála atá iarchurtha os cionn gnáth-thearmaí gnó nó maoinithe ag ráta úis nach ráta úis an mhargaidh é nó i gcás iasacht ghearrthéarmach d'aon iarraidh nach ráta úis é, déantar an tsócmhainn nó an dliteanas airgeadais a thomhas, i dtosach, ar luach reatha an tsreafa airgid thirim amach anseo lascainithe ar ráta margaidh úis maidir le hionstraim fiachais chomhchosúil agus ina dhiaidh sin ag an gcostas amúchta.

Déantar sócmhainní airgeadais a thomhaistear ag an gcostas agus an gcostas amúchta a mheasúnú ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe le haghaidh fianaise oibiachtúil ar bhearnú. Má fhaightear an fhianaise oibiachtúil ar bhearnú, aithnítear cailteanas bearnúcháin sa chuntas brabúis agus cailteanas.

Maidir le sócmhainní airgeadais a thomhaistear ag an gcostas amúchta, tomhaistear an cailteanas

bearnúcháin mar an difríocht idir méid tugtha anonn sócmhainne agus luach reatha na sreafaí airgid thirim measta atá lascainithe ag glanráta úis bunaidh na sócmhainne. Má tá ráta úis athraitheach ag sócmhainn airgeadais, is é an ráta lascainithe chun cailteanas bearnúcháin ar bith a thomhas an glanráta úis reatha a socraíodh faoin gconradh.

Maidir le sócmhainní airgeadais a thomhaistear ag an gcostas amúchta, tomhaistear an cailteanas bearnúcháin mar an difríocht idir méid tugtha anonn sócmhainne agus an meastachán is fearr, arb é sin neasúchán den mhéid a gheobhadh an Ghníomhaireacht don tsócmhainn dá ndíolfaí é ar dháta an chláir chomhardaithe.

Déantar na sócmhainní agus na dliteanas a fhritháireamh agus an glanmhéid a thuairisciú ar an gClár Comhardaithe nuair atá ceart in-fheidhmithe ann maidir le sraith na méideanna aitheanta agus nuair atá sé beartaithe iad a shocrú ar ghlanbhonn nó an tsócmhainn a réadú agus an dliteanas a shocrú ag an am céanna.

10.11 Creidiúnaithe

Tomhaistear creidiúnaithe gearrthéarmacha ar phraghas na n-idirbheart. Déantar dliteanas airgeadais eile, lena n-áirítear iasachtaí bainc, a thomhas i dtosach ar an luach cóir, glan ó chostais idirbheart, agus déantar iad a thomhas ina dhiaidh sin ar ag an gcostas amúchta trí úsáid a bhaint as modh an ghlanráta úis.

10.12 Pinsin

Feidhmíonn an Ghníomhaireacht Tithíochta scéim pinsean sochair shainithe a mhaoinítear ar bhunús íoctar mar a úsáidtear ó airgead atá ar fáil di. Tugadh éifeacht le hIonstraim Reachtuil (I.R. Uimh. 246 de 2012) don Ghníomhaireacht Tithíochta agus rinneadh iarratas ar scéim aoisliúntais don Ghníomhaireacht Tithíochta de réir mar a fhoráiltear san ordú (bunú).

10.13 Cuntas Caipitil

Is ionann an cuntas Caipitil agus cion gan amúchadh an ioncaim a úsáideadh chun críocha caipitil. Déantar sócmhainní seasta a mhaoiniú ó ioncam ó dheontais agus déantar iad a amúchadh de réir an dímheasa.

10.14 Airgeadra

Is é an Euro an t-aonad airgeadra ina n-ainmnítear na ráitis airgeadais.

Breithiúnais maidir leis na beartais chuntasaíochta agus na príomhfhoinsí um neamhchinnteacht meastacháin á gcur i bhfeidhm

Ghnóthas Leantach

D'ullmhaigh an Bord buiséid agus sreafaí airgid do thréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta a faomhadh na ráitis airgeadais a léiríonn nach raibh neamhchinnteacht ábhartha ar bith iontu maidir le cumas na Gníomhaireachta a dliteanais a íoc de réir mar a bheidh siad dlite, agus maidir le leanúint mar ghnóthas leantach. Ar an mbonn sin measann an bord gur cuí é na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh. Dá réir sin, ní áirítear leis na ráitis airgeadais seo coigeartuithe ar bith ar mhéideanna tugtha anonn agus aicme na sócmhainní agus na ndlíteanas a d'fhéadfadh teacht chun cinn dá mbá rud é nach dtiocfaidh leis na nGníomhaireacht leanúint mar ghnóthas leantach.

Saolréanna Úsáideacha na Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Cuimsítear i sócmhainní fadsaolacha go príomha Foirgnimh, feistis agus daingneáin agus trealamh ríomhaireachta. Braitheann an muirear bliantúil dímheasa go príomha ar shaolréanna measta gach cineáil sócmhainne agus, i gcúinsí áirithe, meastacháin na luachanna iarmharacha. Déanann an bord athbhreithniú rialta ar na saolréanna úsáideacha sin agus athraíonn sé iad más gá chun teacht leis na coinníollacha reatha. Agus na saolréanna úsáideacha sin á gcinneadh breathnaíonn an lucht bainistíochta ar athrú teicneolaíoch, patrúin ídithe, bail fhisiceach agus úsáid eacnamaíoch mheasta na sócmhainní sin. D'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith ag athruithe ar na saolréanna úsáideacha ar an muirear dímheasa don bhliain airgeadais.

“ Le linn 2015, tharraingíomar aird ar bhonn leanúnach ar an tábhacht a bhaineann le cothromaíocht inbhuanaithe a aimsiú idir an soláthar agus an t-éileamh tithíochta mar phríomhcheist beartais agus comhpháirt thábhachtach maidir lenár gcobhsaíocht airgeadais a choimeád.”



An Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais


Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015

<u>Ioncam</u>	Nótaí	2015	2014
	3	€	€
Deontas Athfhillteach Oireachtais	3.1	3,490,000	2,600,000
Deontas Athfhillteach Oireachtais - Infheistíocht Seirbhísí Uisce Clár	3.1	107,098	“
Deontas Athfhillteach Oireachtais - Taighde	3.1	3,362	-
An Ciste Piríte	3.1	10,452,120	796,968
Feabhsúchán Piríte - Ioncam Eile		484,000	-
Foireann & Seirbhísí arna soláthar ag Homebond		232,283	103,566
Aisghabhálacha Eile		-	449,119
Ioncam ó Tháillí	3.2	452,744	282,383
Aisghabháil Chostais Phá na Ghníomhaireachta Náisiúnta Foirgníochta	3.3	1,039,563	1,119,528
Aisghabháil Speansas ó Chomhlachtaí Stáit Eile	3.4	254,628	444,144
Ioncam ó Chíosanna	3.5	58,476	63,316
Ioncam Eile	3.6	15,060	50,077
Ús Taiscí Infhála		4,126	5,602
Glanmhaoiniú larchurtha do Phinsin	17(c)	<u>280,000</u>	<u>300,000</u>
Ioncam Iomlán		<u>16,873,460</u>	<u>6,714,703</u>
<u>Caiteachas</u>			
Costais Phearsanra	4	3,272,901	3,432,662
Costais as Riarachán Oifige	5	546,539	396,335
Táillí Dlíthiúla agus Gairmiúla	6	800,119	698,454
An Scéim um Fheabhsúchán Piríte	7	10,452,121	796,968
Íocaíocht leis an Státchiste	7.7	484,000	-
Foireann & seirbhísí Homebond	7.6	232,283	103,566
Dímheas	8	39,631	30,244
Costais Phinsin	17(a)	213,497	241,075
An Ghníomhaireacht Foirgníochta Náisiúnta	19	121,888	-
Soláthar in aghaidh Drochfhiach		<u>107,973</u>	_____
Caiteachas Iomlán		<u>16,270,952</u>	<u>5,699,304</u>
Barrachas donbhliain		<u>607,608</u>	<u>515,400</u>


Baineann na méideanna ar fad le hoibríochtaí atá fós ar bun.

Tá na beartais chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 21 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Rinne an Bord na ráitis airgeadais a fhaomhadh ar an 25 Deireadh Fómhair 2016 agus tá siad sínithe thar ceann An Bhoird ag:



Conor Skehan
Cathaoirleach




John O'Connor
Príomhoifigeach

Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach


DonBhliain dar críoch 31 Nollaig 2015	Nótaí	2015	2014
		€	€
Barrachas donbhliain		602,508	515,400
Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach ar Dhliteanais Phinsin	17(b)	(338,000)	30,000
Maoiniú Pinsin Iarchurtha	17(c)	<u>338,000</u>	<u>(30,000)</u>
Iomlán an ioncaim chuimsithigh don bhliain		<u>602,508</u>	<u>515,400</u>

Tá na beartais chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 21 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais.

Rinne an Bord na ráitis airgeadais a fhaomhadh ar an 25 Deireadh Fómhair 2016 agus tá siad sínithe thar ceannan Bhoird ag:



Conor Skehan
Cathaoirleach



John O'Connor
Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin


Dáta: 20/12/2016

An Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2015

Sócmhainní Seasta Inláimhsithe	Nótaí	2015		2014	
		€	€	€	€
Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh	8		447,966		257,076
Sócmhainní Reatha					
Ioncam Fabhráithe	9	64,528		176,118	
Tailte Forbraíochta	10	1,441,247		1,441,247	
Earraí Infhaighte	11	1,106,679		292,715	
Tailte atá Sealbhaithe faoin Scéim Chomhiomlánaithe	15	73		49	
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim	12	<u>5,212,498</u>		<u>4,035,259</u>	
			7,825,025		5,945,388
Dlíteanais Reatha					
Suimeanna iníoctha	13	<u>(4,791,9161)</u>		<u>(3,323,8971)</u>	
Glansócmhainní reatha			<u>3,033,109</u>		<u>2621,491</u>
Iomlán na Sócmhainní Lúide Dlíteanais Reatha					
roimh Shochair Scoir			<u>3,481,075</u>		<u>2,878,567</u>
Sócmhainn Mhaoinithe Sochair Scoir	17(c)	1,448,000		830,000	
Oibleagáidí Sochair Scoir	17(b)	<u>(1,448,0001)</u>		<u>(830,0001)</u>	
Glansócmhainní			<u>3,481,075</u>		<u>7,878,567</u>
Caipiteal agus Cúlchistí					
Ranníocaíocht Chaipitiúil			1,944,145		1,944,125
Cúlchistí Ioncaim			1,536,930		934,442
			<u>3,481,075</u>		<u>2,878,567</u>

Tá na beartais chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 21 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais.

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais an 25 Deireadh Fómhair 2016 agus tá siad sínithe thar a cheann ag:



Conor Skehan
Cathaoirleach



John O'Connor
An Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin


Dáta: 20/12/2016

Ráiteas ar Athruithe sa Chothromas

Cúlchistí	Caipiteal Ranníocaíocht €	Coimeádta Tuilleamh €	Iomlán Cúlchistí €
Amhail an 1 Eanáir 2015	1,944,125	934,442	2,878,567
Ioncam cuimsitheach donbhliain			
Barrachas donbhliain	-	602,508	602,508
Talamh a aistríodh faoi Scéim Chomhiomlánaithe Talún	20	(20)	-
Iomlán an ioncaim Chuimsithigh don bhliain	20	602,488	602,508
Amhail 31 Nollaig 2015	1,944,145	1,536,930	3,481,075
	Ranníocaíocht Caipitil €	Tuilleadh Coimeádta €	Iomlán na gCúlchistí €
Amhail an 1 Eanáir 2014	1,904,744	458,423	2,363,167
Ioncam cuimsitheach don bhliain			
Barrachas donbhliain	-	515,400	515,400
Talamh a aistríodh faoin Scéim Chomhiomlánaithe Talún	15	(15)	-
Ráiteas ar ioncam cuimsitheach donbhliain	39,366	(39,366)	-
Iomlán an ioncaim chuimsithigh don bhliain	39,381	476,019	515,400
Amhail 31 Nollaig 2014	1,944,125	934,442	2,878,567

Tá na beartais chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 21 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais

Rinne an Bord na ráitis airgeadais a fhaomhadh ar an 25 Deireadh Fómhair 2016 agus tá siad sínithe thar ceannan Bhoird ag:



Conor Skehan
Cathaoirleach

Dáta: 20/12/2016




John O'Connor
An Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin

Ráiteas maidir le Sreafaí Airgeadais


	Nótaí	2015 €	2014 €
Réiteach Glanghluaiseachta don Bhliain le Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin			
Barrachas oibriúcháin don bhliain		602,508	515,400
Dímheas	8	39,631	30,244
Ús Bainc a Tuilleamh		(4,126)	(5,602)
Aistriú chuig (ón) gCuntas Caipitil / ón gCuntas Caipitil		-	-
Laghdú/ (Méadú) ar shócmhainní reatha eile		111,566	22,165
Laghdú / (Méadú) ar Earraí Infhaighte		(813,965)	31,183
Méadú / (Laghdú) ar Shuimeanna Iníoctha		1,468,020	2,791,388
Glansreabhadh airgid a gineadh ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		1,403,635	3,384,778
Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid			
Glan-Insreabhadh Airgid/ (Eis-sreabhadh) ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		1,403,635	3,384,778
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistiúcháin Ceannach Réadmhaoine, Gléasraí & Trealaimh	8	(230,522)	(24,379)
Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistiúcháin Ús Bainc a Fuarthas		4,126	5,602
Méadú / (Laghdú) ar Airgead Tirim agus coibhéisí airgid thirim		1,177,239	3,366,001
Réiteach an Ghlan-sreafa Airgid le Gluaiseachtaí i nGlan-chistí			
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 1 Eanáir 2015		4,035,259	669,258
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 31 Nollaig 2015		5,212,498	4,035,259
Méadú / (Laghdú) ar Airgead Tirim agus coibhéisí airgid thirim		1,177,239	3,366,001

Tá na beartais chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 21 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais.

Rinne an Bord na ráitis airgeadais a fhaomhadh ar an 25 Deireadh Fómhair 2016 agus tá siad sínithe tharceann an Bhoird ag:



Conor Skehan
Cathaoirleach



John O'Connor
Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin

Dáta: 20/12/2016

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1. Beartais Chuntasaíochta

Tá bunús na gcuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta arna nglacadh ag an nGníomhaireacht thíos. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad i rith na bliana agus don bhliain roimhe sin.

Eolas Ginearálta

1.1 Bunú na Gníomhaireachta Tithíochta

Bunaíodh an Gníomhaireacht Tithíochta ar bhonn reachtúil an 1 Lúnasa 2012 faoin Ordú fan an nGníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe (Bunú) 2012. Ba iad seo a leanas feidhmeanna na Gníomhaireachta:

- seirbhísí comhroinnte agus lárnacha; seirbhísí taighde, comhairleacha, faisnéise agus oiliúna, seirbhísí sainchomhairleoireachta, teicniúla agus pleanála straitéisí, seirbhísí soláthair agusgníomhaireachta;
- ar iarratas ón Aire ullmhú, coinneáil, bainistíocht, agus foilsiú innéacsanna réadmhaoine cónaithe, lena n-áirítear innéacsanna i dtaca le díolacháin tithe cónaithe agus cíosanna réadmhaoine cónaithe;
- eagrú, comhordú agus soláthar athnuachana sóisialta agus eacnamaíche, lena n-áirítear forbairt agus feabhsú talún agus bonneagair; agus
- comhordú agus, cur le, réiteach ceisteanna a bhaineann le forbairtí tithíochta neamhchríochnaithe.

D'oibrigh an Gníomhaireacht Tithíochta trí Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe Teoranta (HSC) agus í ag feitheamh lena bunú foirmiúil ar bhonn reachtúil. Rinneadh sócmhainní agus dliteanais FSS a aistriú chuig an nGníomhaireacht Tithíochta in 2013. I measc na sócmhainní a aistríodh bhí forbairt tailte (Nóta 10) agus tailte a bhí á gcoinneáil faoin Scéim Chomhiomlánaithe Talún (nóta 15).

Feidhmeanna Breise

An Bord um Réiteach Píríte - Bunaíodh an Bord an 10 Eanáir 2014 faoin Acht um Réiteach Píríte, 2013. Is iad príomhfheidhmeanna an Bhoird an scéim a dhéanamh i gcomhair feabhsúchán pírite agus an scéim a chur chun feidhme agus maoirseacht a dhéanamh uirthi. Faoin Acht, is é ról na Gníomhaireachta Tithíochta an scéim a riar agus íocaíochtaí a dhéanamh thar ceann anBhoird um Réiteach Píríte. Sna ráitis airgeadais seo aithnítear an maoiniú a fuarthas ón Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus an caiteachas a tabhaíodh i dtaca le feabhsúchán pírite.

An Oifig Rialála Eatramhach do Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta - Ó 2014, tugadh an fhreagracht don Gníomhaireacht Tithíochta ar bhonn eatramhach, as Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (CCTanna) a rialáil. Bhunaigh an Gníomhaireacht Tithíochta Oifig Rialála chun tacú leis an obair seo agus tuairiscíonn sí le Coiste Rialála Eatramhach a cheapann an tAire. Tá rialú na hearnála bunaithe ar Chód Rialála Deonaí: Ag Tógáil donTodhchaí– cód rialála deonaí do CCTanna in Éirinn.

Ag cuidiú le húdaráis áitiúla tithe a cheannach - Ó Iúil 2015, cheannaigh an Gníomhaireacht Tithíochta tithe ó leachtaitheoirí/ghlacadóirí thar ceann údaráis áitiúla. Féach Nóta 16.

1.2 Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais na Gníomhaireachta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015 de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais 102, an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (CTA), arna fhógairt ag na Cuntasóirí Cairte in Éirinn.

Is iad seo an chéad sraith de ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Tithíochta a ullmhaíodh de réir FRS 102. Ba é an 1 Eanáir 2014 an dáta aistrithe. Ní raibh tionchar ag an aistriú go FRS 102 ar a staid airgeadais tuairiscithe nó ar a feidhmíocht airgeadais. Tá na ráitis tugtha san fhoirm a cheadaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

1.3 Bunús an Ullmhaithe

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir FRS 102, an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn. Tá na ráitis seo tugtha san fhoirm a cheadaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus an tAire Comhshaoil, Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le FRS102 ní mór meastacháin chuntasaíochta chriticiúla áirithe a úsáid. Éilítear leis chomh maith ar an lucht bainistíochta breithiúnas a fheidmiú maidir leis na beartais chuntasaíochta a chur i bhfeidhm.

Cuireadh na príomhbheartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm.

1.4 Gnóthas Leantach

Ullmhaítear na cuntais ar bhonn gnóthais leantaigh.

1.5 Beartas Ioncaim

Léiríonn an t-ioncam deontais, táillí, ioncam cíosanna agus forchúitimh eile na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil a úsáidtear chun gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta Tithíochta a mhaoiniú agus cúnamh á sholáthar aici don Roinn agus d'Údaráis Áitiúla chun beartas tithíochta a chur chun feidhme. Aithnítear ioncam ó dheontais a fhaightear chun gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta Tithíochta a mhaoiniú ar bhonn fáltais airgid thirim.

Déanann an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil maoiniú a réamhíoc leis an nGníomhaireacht Tithíochta maidir le costais a thabhaíonn sí maidir leis an scéim um fheabhsúchán Piríte. Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhráithe. Déantar ioncam a aithnítear sna ráitis airgeadais a chomhoiriúnú leis an gcaiteachas a tabhaíodh sa tréimhse. Sa chás go sáraíonn an caiteachas méid an deontais a tarraingíodh as i ndáiríre, aithnítear na méideanna atá dlite ón Roinn mar fhéichiúnaí. Aithníonn an Gníomhaireacht méid

mar ioncam iarchurtha sa chás gur tharraing sí as méideanna sa bhreis ar an gcaiteachas.

Léiríonn ioncam ó tháillí gairmiúla an t-ollioncam lúide cáin bhreisluacha (CBL), oibre a rinneadh le linn na tréimhse.

Aithnítear ioncam ó tháillí maidir le hobair a cuireadh i gcrích, ach nár sonrascaíodh fós. Déantar an luach a ríomh bunaithe ar chur i gcrích céatadáin na hoibre, agus áirítear air costais agus brabús. Aithnítear an méid atá dlite mar ioncam agus áirítear é mar shócmhainn.

1.6 Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

Sonraítear Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh ag an gcostas lúide dímheas carntha. Áirítear ar an gcostas na costais uile atá inchurtha go díreach i leith an tsócmhainn a chur i riocht oibre dá húsáid bheartaithe.

Cuirtear dímheas ar fáil ar an réadmhaoin, gléasra agus trealamh go léir ag rátaí a ríomhtar chun an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne a dhíscríobh go córasach thart a saolré úsáideach measta, mar seo a leanas:

Daingneáin, Feistis agus Trealamh	-12.5% Méid Cothrom
Talamh agus Foirgnimh	-2% Méid Cothrom
Trealamh Ríomhaireachta	-20% Méid Cothrom

1.7 Talamh Forbraíochta

Cheannaigh an Ghníomhaireacht Foirgníochta Náisiúnta Teoranta (GFN) agus Tithíocht agus Pobail Inbhuanaithe Teoranta (HSC Ltd) talamh forbraíochta a bhí faoi sheilbh na Gníomhaireachta Tithíochta i dtosach chun críche forbartha amach anseo. Mar chuid den phróiseas réasúnaíochta, aistríodh na sócmhainní sin chuig an nGníomhaireacht Tithíochta. Aistríodh iad sin chuig an nGníomhaireacht Tithíochta in 2013 ag a luach margaidh oscailte. Ba ionann luach iomlán na n-íocaíochtaí sin nuair a aistríodh iad agus €1,441,247 (Nóta 10). Leanann an Ghníomhaireacht Tithíochta leis na tailte sin a aithint ag luachanna margaidh 2013.

Níl an talamh á forbairt faoi láthair. Tá sé beartaithe, sa chás go bhfuil an talamh sin oiriúnach do thithíocht, cibé acu tithíocht shóisialta nó chun críche tithíochta eile, go n-úsáidfear í chun na críche seo, dá mbeidh gá leis sin sa limistéar. Dhéanfaí úsáid fhéideartha ar bith as na láithreáin sin a chinneadh i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

1.8 An Scéim Chomhiomlánaithe Talún

Bunaíodh an Scéim Chomhiomlánaithe Talún in 2010. Faoin scéim, d'fhéadfadh údaráis áitiúla, ar tháille ainmniúil, talamh forbraíochta cónaithe a aistriú ar a raibh iasachtaí ón nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe leis an nGníomhaireacht Tithíochta fós le híc. Dúnadh an scéim i mí na Nollag 2013 agus ag an am sin d'fhaomh an Roinn aistriú 73 láithreán lenar bhain achar iomlán de 247 heicteáir. Amhail 31 Nollaig 2015, aistríodh na láithreáin fhaofa ar fad chuig an nGníomhaireacht Tithíochta.

Tá an Ghníomhaireacht Tithíochta freagrach asbainistíocht agus cothabháil na dtailte a aistríodh faoin scéim. Níl an t-údarás ag an nGníomhaireacht Tithíochta láithreán a dhiúscairt nó a fhorbairt, gan cead ón Aire.

Níl an Ghníomhaireacht ábalta luach iontaofa a dhéanamh ar a sealúchais láithreán ag feitheamh chur i gcrích a tograí maidir leis na láithreáin a úsáid amach anseo agus cead a fháil ón Aire ina thaobh. Mar thoradh air sin, tá réadmhaoine a aistríodh chuig an nGníomhaireacht Tithíochta faoin Scéim Chomhiomlánaithe Talún á gcoinneáil ag luach ainmniúil €1 in aghaidhan láithreáin a aistríodh (Nóta 15).

1.9 Earraí Infhaighte

Déantar féichiúnaithe gearrthéarmacha a thomhas ag praghas na n-idirbheart, lúide bearnú ar bith.

1.10 Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim

Léirítear an t-airgead tirim le taiscí airgid thirim le hinstiúidí airgeadais.

1.11 Idirbhearta neamhairgid

Mar chuid de na comhaontuithe a rinneadh le tríú páirtithe maidir le fadhbanna piríte, féadfaidh an Ghníomhaireacht seirbhísí a fháil ó pháirtithe dá leithéid gan íocaíocht ag an nGníomhaireacht. Aithníonn an Ghníomhaireacht na seirbhísí sin nuair a fhaightear iad mar ioncam agus mar chaiteachas aron.

1.12 Suimeanna iníochta

Tomhaistear creidiúnaithe gearrthéarmacha ar phraghas na n-idirbheart. Déantar dlíteanais airgeadais eile, lena n-áirítear iasachtaí bainc, a thomhas i dtosach ar an luach cóir, glan ó chostais idirbheart, agus déantar iad a thomhas ina dhiaidh sin ar ag an gcostas amúchta trí úsáid a bhaint as modh an ghlanráta úis.

1.13 Sochair Scoir

Rinneadh foráil in Alt 7(8) d'Ionstraim Reachtúil Uimh. 264 de 2012 i leith scéim aoisliúntais a bhunú don Ghníomhaireacht. Feidhmíonn an Ghníomhaireacht scéim pinsean sochair shainithe a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn íoctar mar a úsáidtear ó airgead a chuireann an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil fáil agus ó ranníocaíochtaí a asbhaintear ó thuarastail na foirne agus na gcomhaltaí. Tá an scéim á hoibriú ar bhonn riaracháin ag feitheamh chead an Aire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Oibríonn an Ghníomhaireacht Tithíochta an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (“Scéim Aonair”) chomh maith, a shainítear mar scéim sochair shainithe d’fhostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Léirítear costais phinsin na sochair phinsin atá tuillte ag fostaithe, agus léirítear iad gan ranníocaíochtaí pinsin na foirne a tharchuirtear chuig an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Aithnítear suim arb ionann í agus an táille ar phinsean mar

ioncam sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála, agus cúitithe ag deontais a fhaightear i rith na blianachun íocaíochtaí pinsin a urscaoileadh.

Léirítear gnóthachain nó cailteanais achtúireacha a eascraíonn as dlíteanais scéime ar an Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach, agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach as méid atá in-aisghabhála ón Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Léirítear sna ráitis airgeadais, ar luach measartha, na sócmhainní agus na dlíteanais a eascraíonn ó oibleagáidí pinsin na Gníomhaireachta Tithíochta agus maoiniú ar bith lena mbaineann, agus aithnítear iontu na costais a bhaineann le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasáíochta inar thuill fostaithe iad. Tomhaistear dlíteanais scéime sochair scoir ar bhonn achtúireach ag baint úsáid as an aonaid teilgin.

1.14 Méid Caipitil

Is ionann an cuntas Caipitil agus cion gan amúchadh an ioncaim a úsáideadh chun críocha caipitil. Déantar sócmhainní seasta a mhaoiniú ó ioncam ó dheontais agus déantar iad a amúchadh de réir an dímheasa.

1.15 Airgeadra

Is é an Euro an t-aonad airgeadra ina n-ainmnítear na ráitis airgeadais.

2. Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Cuntasáíochta

Agus na ráitisairgeadais á n-ullmhú ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana áirithe a dhéanamh a théann i gcion ar mhéideanna na sócmhainní agus na ndlíteanas amhail dáta an chláir chomhardaithe agus ar na méideanna a tuairiscíodh d'ioncam agus speansais le linn na bliana. Ciallaíonn cineál an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh torthaí iarbhír a bheith difriúil ó na meastacháin sin. Bhí an éifeacht ba shuntasáí ag na breithiúnais seo a leanas ar mhéideanna a aithníodh sna ráitis airgeadais.

Bearnú maidir le Réadmhaoín, Gléasra agus Trealamh

Déantar sócmhainní atá faoi réir amúchta a athbhreithniú i leith bearnú sa chás go léirítear in eachtraí nó athruithe i gcúinsí go mb'fhéidir nach mbeadh luach tugtha anonn in-aisghabhála. Aithnítear cailteanas bearnúcháindon mhéid faoina sáraíonn méid tugtha anonn na sócmhainne a méid in-aisghabhála. Is é an méid in-aisghabhála cibé is airde de luach cóir sócmhainne lúide an costas lena díol agus an luach in úsáid. Chuncríche measúnú a dhéanamh ar bhearnú, déantar sócmhainní a ghrúpáil ag na leibhéil is ísle dá bhfuil sreafaí airgid ar leith (aonaid ghinte airgid). Déantarathbhreithniú ar shócmhainní ar tharla bearnú iontu chun go bhfeadfaí an bearnú a aisiompú ag gach dáta tuairiscithe.

Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Rinne na Stiúrthóirí athbhreithniú ar shaolréanna na sócmhainní agus luachanna iarmharacha gaolmhara na n-aicmí sócmhainne seasta go léir, agus go háirithe saolré eacnamaíoch úsáideach agus luachanna iarmharacha na ndaighneán agus na bhfeisteas agus chinn siad go bhfuil saolréanna na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha cuí.

Oibleagáid Sochair Scoir

Déantar na boinn tuisceana atá faoi na luachálacha achtúireacha faoina gcinntear na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar leibhéal chúitimh amach anseo, rátaí mortlaíochta agus rátaí treochtaí costas cúram sláinte) a thabhairt chun dáta gach bliain bunaithe ar na dálaí eacnamaíocha reatha, agus le haghaidh athruithe ábhartha ar bith ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsean agus iar-scoir.

Is féidir leo seo a leanas difear a dhéanamh do na boinn tuisceana:

- (i) An ráta lascaine, athruithe i ráta an toraidh ar fháltais chorparáideacha ardchaighdeán
- (ii) Leibhéal chúitimh amach anseo, dálaí an mhargaidh shaothair amach anseo

3. Ioncam

3.1 Deontas Oireachtas

Faigheann an Ghníomhaireacht Tithíochta maoiniú ón Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

- (i) Deontas stáit bliantúil don Ghníomhaireacht Tithíochta chun tacú leis an obair a dhéantar.
- (ii) Maoiniú i dtaca le riarachán na Gníomhaireacht ar an Scéim um Fheabhsúchán Piríte thar ceann anBhoird um Réiteach Piríte (féach beartas 1.1)
- (iii) An Clár Infheistíochta Seirbhísí Uisce - soláthar mórscéimeanna uisce agus fuíolluisce chun príomhchuspóirí comhshaoil agus eacnamaíocha a bhaint amach.
- (iv) Taighde

D'iarr an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil ar na nGníomhaireacht Tithíochta chomh maith obair a dhéanamh a bhí lasmuigh den chomhaontú seirbhíse, lena tabhaíodh costais bhreise. Aontaíodh aisghabháil na gcostas sin.

Deontais a fuarthas ó Vóta 34 na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

	2015	2014
	€	€
Deontas (Fotheideal A.9.3.1&A.9.3.2)	3,490,000	2,600,000
Deontas- Clár Infheistíochta Seirbhísí uisce (Fotheideal B.3.1.1.2)	107,098	
Deontas- Taighde (Fotheideal A.9.2.1.1)	3,362	-
Pirít- An Bord um Réiteach Piríte (Fotheideal A.9.5.1)	<u>10,452,120</u>	<u>796,968</u>
	<u>14,052,580</u>	<u>3,396,968</u>

3.2 Ioncam ó Tháillí

Léiríonn Ioncam ó Tháillí muirir ó chliant (údaráis áitiúla nó comhlachtaí stáit eile) i ndáil le seirbhísí a rinne an Gníomhaireacht Tithíochta, lena n-áirítear seirbhísí taighde, seirbhísí ailtireachta, seirbhísí suirbhéireachta cainníochtúla agus seirbhísí cigireachta. Áirítear air chomh maith Ioncam fabhráithe a sonrasaíodh le linn na tréimhse.

	2015	2014
	€	€
Ioncam Úis	452,744	282,383

3.3 Aisghabháil Chostais Phá na Gníomhaireachta Náisiúnta Foirgníochta Teoranta (GFN)

Tá deireadh á chur leis an nGníomhaireacht Foirgníochta Náisiúnta Teoranta (GFN) agus aistríodh afostaithe chuig comhlachtaí stáit eile. I gcuid mhór cásanna níor athlonnaíodh na fostaithego foirmiúil fós. Mar bheart eatramhach, tá na fostaithe sin á n-íoc ag an nGníomhaireacht Tithíochta. Aisghabhtar costais na n-íocaíochtaí sin ón nacomhlachtaí stáit ábhartha gach mí. Tugadh athlonnú fhoireann na Gníomhaireachta Foirgníochta Náisiúnta Teoranta (GFN) chun críche in 2016.

	2015	2014
	€	€
Aisghabháil Chostais Phá na Gníomhaireachta Foirgníochta Náisiúnta Teoranta (GFN)	1,039,563	1,119,528

3.4 Aisghabháil speansas ó Chomhlachtaí Stáit Eile

Baineann sé sin le líon ítimí amhail aisghabháil costas pá d'fhoireann a bhí ar iasacht le comhlachtaí stáit eile agus aisghabháil costas i ndáil le hobair a rinneadh thar ceann comhlacht stáit eile.

	2015	2014
	€	€
Aisghabháil Speansas ó Chomhlachtaí Stáit Eile	254,628	444,144

3.5 Ioncam ó Chíosanna

Cuimsítear in Ioncam ó Chíosanna cíósanna a fhaightear i ndáil le sócmhainní talún arna sealbhú ag an nGníomhaireacht Tithíochta.

	2015	2014
	€	€
Ioncam ó Chíosanna	58,476	63,316

3.6 Ioncam Eile

Baineann sé seo den chuid is mó le gluaiseacht i ndáil leis an ioncam a sholáthair an Gníomhaireacht Foirgníochta Náisiúnta Teoranta (GFN) chun íoc as na costais a bhaineann le Scoláireacht Foley a aistríodh chuig an nGníomhaireacht Tithíochta.

	2015	2014
	€	€
Ioncam Eile	15,060	50,078

4. Fostaithe agus na Comhaltaí Boird

	2015	2014
	€	€
(a) Líon na bhFostaithe		
Bhí é meán na mball foirne le linn na bliana:	31	35
(b) Costais Fostaíochta		
Pánna agus Tuarastail	1,782,234	1,779,044
Costais Leasa Shóisialaigh	160,833	151,603
Costais phinsin eile	56,725	107,506
Costais maidir le foireann sannta GFN	989,290	1,166,187
Costais Leasa Shóisialaigh maidir le foireann sannta GFN	<u>166,238</u>	<u>111,145</u>
	<u>3,155,320</u>	<u>3,315,485</u>
Taisteal agus Costais eile na Foirne	<u>117,581</u>	<u>117,177</u>
	<u>3,272,901</u>	<u>3,432,662</u>

(c) Asbhaint a Bhaineann le Pinsean

Le linn na bliana asbhaineadh asbhaintí pinsin dar luach €63,968 ó bhaill foirne agus íocadh leis an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil é.

4. Fostaithe agus na Comhaltáí Boird (ar lean)

(d) Luach Saothair na gComhaltáí Boird

Ní fhaigheann comhalta Boird táillí as suí ar Bhord na Gníomhaireachta, agus níor íocadh speansais ar bith i ndáil leis an tréimhse 12 mhí, 31 Nollaig 2015

(e) Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh

Ba é €117,603 tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh do 2015. Tá sé sin bunaithe ar an scála Rialtais Áitiúil do Bhainisteoir Leibhéal 5, móide speansais 7.5% arbh ionann é sin agus €8,820. Léiríonn sé sin an laghdú sa tuarastal chomh maith faoin Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (Uimh.2) 2009 (8%), agus Comhaontú Bhóthar Haddington 2013 (6.5%). Tá pinsean an Phríomhfheidhmeannaigh ina chuid de scéim aoisliúntais shochair shainithe na hearnála poiblí de chuid an Rialtais Áitiúil.

(f) Theastaigh Bannaí Tuarastail

Is é seo a leanas an fhaisnéis maidir le Tuarastail do nochtadh faoi FRS 102:

	Líonna Foirne 2015	Líon na Foirne 2014
Faoi €60,000	16	21
€60,000-70,000	5	5
€70,000-80,000	7	6
€80,000-90,000	0	1
€90,000-100,000	2	1
€110,000-120,000	1	1

5. Costais Riaracháin

	2015 €	2014 €
Cíos Iníoctha	4,843	8,072
Rátaí	36,462	35,538
Árachas	47,312	49,632
Solas agus Teas	22,531	17,972
Glantachán	16,345	15,914
Deisiúchán agus Cothabháil	20,289	5,027
Priontáil, Postas agus Páipéarachas	48,558	25,598
Cumarsáid	143,141	60,310
Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide	86,583	104,810
Costais Áitreabh	26,243	5,473
Táillí Bainc	1,258	901
Costais Cruinnithe agus na Cistine	18,971	20,775
Speansais Ghinearálta	2,925	11,530
Oiliúint Údaráis Áitiúil	-	25,183
Scoláireacht Foley / Tacaíocht Oideachais	<u>71,078</u>	<u>9,600</u>
	<u>546,539</u>	<u>396,335</u>

6. Táillí Dlíthiúla agus Gairmiúla

	2015	2014
	€	€
Dlíthiúil agus Gairmiúil	693,738	621,486
Cuntasaíocht	85,363	57,694
Iníúcháireacht	12,900	10,300
Iníúchadh Inmheánach	<u>8,118</u>	<u>8,974</u>
	<u>800,119</u>	<u>698,454</u>

7. An Scéim um Fheabhsúchán Piríte

An Scéim um Fheabhsúchán Piríte	2015	2014
	€	€
Iarmhéid Tosaigh	1,399,561	0
Méid a Fuarthas	10,000,001	2,196,529
Caiteachas	<u>(10,452,121)</u>	<u>(796,968)</u>
Iarmhéid Deiridh	<u>947,441</u>	<u>1,399,561</u>

Costais	2015	2014
	€	€
Costais Phá	218,610	187,827
Sainchomhairleoirí Tógála	747,808	145,380
Conraitheoirí Oibre	8,019,491	144,371
Íocaíochtaí Úinéirí Tí	1,214,338	142,756
Dlíthiúil agus Gairmiúil	225,374	100,523
Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide	13,864	72,110
Costais Riaracháin Eile	<u>12,636</u>	<u>4,000</u>
	<u>10,452,121</u>	<u>796,968</u>

Caiteachas

7.1 Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Bhain na costais TFC a tabhaíodh in 2015 leis an iarratas agus an córas rianaithe ar líne a chruthú. Bhain sé sin le hiarratais ar fheabhsúchán piríte. Ní ghlacann an Bord um Réiteach Piríte ach iarratais i bhformáid leictreonach tríd an gcóras seo. Is féidir le hiarratasóirí dul chun cinn a n-iarratais a rianú air chomh maith.

7.2 Costais Dhlíthiúla agus Ghairmiúla

Tabhaíodh costais Dhlíthiúla agus Ghairmiúla in 2015 maidir le hobair dhlíthiúil ar theimpléid conarthaí agus cásanna dlíthíochta ina ndeachaigh an Bord um Réiteach Piríte isteach sa chás gur mheas sé iomchuí é dul ar tóir tógálaithe agus / nó forbróirí le haghaidh ranníocaíocht i leith chostais na n-oibreacha. Bhain seirbhísí gairmiúla eile le hacmhainní a seachfhoinsíodh.

7.3 Sainchomhairleoirí Tógála

Áirítear ar an gcaiteachas i ndáil le Sainchomhairleoirí Tógála na costais a tabhaíodh i ndáil le Gairmithe Comhairlí Deartha a fostaíodh chun dearadh agus bainistíocht a dhéanamh ar oibreacha feabhsúcháin agus lena chinntiú go ndéanfar na hoibreacha de réir na gcaighdeán riachtanach. Bhunaigh an Ghníomhaireacht Tithíochta creat chunna seirbhísí sin a fháil.

7.4 Conraitheoirí Oibreacha

Cuimsítear san ítim seo na costais a tabhaíodh i ndáil le conraitheoirí tógála a fostaíodh chun obair fheabhsúcháin a dhéanamh ar na tithe a raibh dochar piríteach déanta díobh agus a ceadaíodh faoin scéim.

7.5 Íocaíochtaí Úinéirí Tí

Tá úinéirí tí i dteideal i dtosach €500 ar a mhéad a éileamh ar ais le haghaidh Measúnú ar Bhail na bhFoirgneamh. Ina theannta sin tá úinéirí tí a glacadh sa scéim i dteideal (1) aisíocaíochta do chóiríocht mhalartach deimhnithe faoi réir teorainn €3,000 ar a mhéadh (lena n-áirítear CLB) in aghaidh na háite cónaithe; (2) aisíocaíochtaí le haghaidh costais deimhnithe maidir le troscán agus ábhair a thógáil, a stóráil agus a thabhairt ar ais faoi réir uasteorainn €2,500 (lena n-áirítear CBL) in aghaidh na háite cónaithe.

7.6 Homebond

Chuaigh an Bord Piríte isteach i gcomhaontú le Hombond, trínar sholáthair Homebond baill foirne agus seirbhísí don Bhord dar luach €2 mhilliún. In 2015, measadh go mbeadh costas €232,283 ag baint leis na baill foirne agus na seirbhísí sin.

7.7 Eile

Faoin Acht um Réiteach Píríte, 2013, tá oibleagáid ar an mBord um Fheabhsúchán Píríte, a fháil ar ais ó pháirtí ar bith ag a bhfuil dlíteanas agus an cumas, cuid de na costais, nó na costais uile a bhaineann le feabhsú na n-áiteanna cónaithe. In 2015, fuair an Ghníomhaireacht €484,000 ar an iomlán ó na tríú páirtithe sin mar ranníocaíocht leis na costais phíríte. Tarchuireadh an t-airgead sin chuig an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

8. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh	Daingneáin Fearais agus Trealamh	Foirgnimh	Trealamh Ríomhaireachta	Iomlán
2015	€	€	€	€
Costas				
Iarmhéid Tosaigh amhail an 1 Eanáir 2015	37,001	165,972	94,839	297,812
Breiseanna ag Costas	75,276	107,283	47,963	230,522
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2015	<u>112,277</u>	<u>273,255</u>	<u>142,802</u>	<u>528,334</u>
Dímheas				
Iarmhéid Tosaigh amhail an 1 Eanáir 2015	9,244	6,076	25,416	40,736
Dímheas don Tréimhse	8,164	3,830	27,637	39,631
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2015	<u>17,408</u>	<u>9,906</u>	<u>53,053</u>	<u>80,367</u>
Luach Glan na Leabhar				
Amhail 31 Nollaig 2015	<u>94,869</u>	<u>263,349</u>	<u>89,749</u>	<u>447,967</u>
Amhail 31 Nollaig 2014	<u>27,757</u>	<u>159,896</u>	<u>69,423</u>	<u>257,076</u>
2014	€	€	€	€
Costas				
Iarmhéid Tosaigh amhail an 1 Nollaig 2014	37,001	165,972	70,460	273,433
Breiseanna ag Costas	-	-	24,379	24,379
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2014	<u>37,001</u>	<u>165,972</u>	<u>94,839</u>	<u>297,812</u>
Dímheas				
Iarmhéid Tosaigh amhail an 1 Nollaig 2014	5,703	2,757	2,032	10,492
Dímheas don Tréimhse	3,541	3,319	23,384	30,244
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2014	<u>9,244</u>	<u>6,076</u>	<u>25,416</u>	<u>40,736</u>
Luach Glan na Leabhar				
Amhail 31 Nollaig 2014	<u>27,754</u>	<u>159,896</u>	<u>69,423</u>	<u>257,076</u>
Amhail an 31 Nollaig 2013	<u>31,298</u>	<u>10,3216</u>	<u>68,428</u>	<u>262,941</u>

9. Ioncam Fabhraithe

	2015	2014
	€	€
Oscailt an Ioncaim Fhabhraithe	176,118	198,299
Ioncam a Sonrascaíodh suas go dtí an 31 Nollaig 2015	(111,591)	(90,090)
Fabhrú d'Obair Chríochnaithe Nach raibh Sonrascaithe ag an 31 Nollaig 2015	-	67,909
Ioncam fabhraithe ag an 31 Nollaig 2015	<u>64,527</u>	<u>176,118</u>
Cuimsítear in Ioncam Fabhraithe obair a rinneadh ach nár sonrascaíodh fós mar ioncam ó tháillí.		

10. Tailte Forbraíochta

	2015	2014
	€	€
Tailte Forbraíochta	1,441,247	1,441,247
	<u>1,441,247</u>	<u>1,441,247</u>

Áirítear ar Thailte Forbraíochta arna sealbhú ag an nGníomhaireacht Tithíochta ocht láithreán a aistríodh ó Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe Teoranta (HSC Ltd) le linn 2013. Ba ionann luach margaidh na dtailte sin amhail an 6 Márta 2013 agus €736,822. Ba iad Sherry Fitzgerald Limited, Auctioneers and Valuers, a rinne an luacháil sin in 2013.

Cúig láithreán eile a aistríodh ón nGníomhaireachta Foirgníochta Náisiúnta Teoranta (GFN) díreach chuig an nGníomhaireacht Tithíochta in 2013. Ba ionann luach na dtailte sin amhail an 6 Márta 2013 agus €741,501. Ba iad Sherry Fitzgerald Limited a rinne an luacháil sin in 2013. Tabhaíodh costais diúscartha de 5% de luach margaidh na dtailte sin i gcuntais GFN roimh an aistriú ag fágáil gurbh é €704,426 an luach margaidh iarmharach.

11. Earraí Infhaighte

	2015	2014
	€	€
Earraí Infhaighte Creidiúnaithe	388,502	186,711
Earraí Infhaighte Eile	635,649	71,206
Réamhíocaíochtaí	<u>82,528</u>	<u>34,798</u>
	<u>1,106,679</u>	<u>292,715</u>

12. Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim

	2015	2014
	€	€
Airgead sa Bhanc	4,813,326	3,836,011
Cuntas Taisce	399,173	198,555
Mionairgead	-	694
	<u>5.212.498</u>	<u>4.035.259</u>

13. Suimeanna iníochta: méideanna dlite laistigh de bhliain amháin

	2015	2014
	€	€
(a) Suimeanna iníochta		
Suimeanna Iníochta Trádála	(40,436)	(95,289)
Suimeanna Iníochta Eile	(123,680)	(31,174)
Dlíteanas Fhearchair - 13 (b)	(196,406)	(1,549,252)
Fabhruithe	(2,130,755)	(183,741)
ÍMAT/ÁSPC	(76,588)	(37,725)
Cáin Bhreisluacha	(1,008,869)	(27,155)
Cáin Shiarchoinneálach	(36,986)	-
Ioncam Iarchurtha an Chiste Piríte	(947,441)	(1,399,561)
Aisíocaíocht Cánach Ioncaim	(3,155)	-
Ranníocaíocht Phinsin	<u>(227,601)</u>	-
	<u>(4,791,916)</u>	<u>(3,323,897)</u>

(b) Dlíteanas Fhearchair

Amhail an 31 Nollaig 2010, ghlac an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil dliteanas uile na Comhpháirtíochta Tithíochta um Thithe Inacmhainne lena n-áirítear oibleagáidí conarthacha maidir le hidirbheart um malartú talún le heintiteas príobháideach tríú páirtí le haghaidh réadmhaoine faoi úinéireacht an stáit ag Ardán Fhearchair, Baile Átha Cliath 2.

Le linn 2012, rialaíodh cás na hArd-Chúirte i ndáil leis an malartú talún seo i bhfabhar an eintitis phríobháidigh tríú páirtí. I ndiaidh an rialaithe sin, tháinig an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Oifig na nOibreacha Poiblí, an t-eintiteas príobháideach tríú páirtí ar chomhaontú maidir leis an tsocraíocht deiridh a tháinig as an rialú seo.

I gcomhréir leis an gcomhaontú ar ar thánghas, rinne an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil, agus Oifig na nOibreacha Poiblí, réamhíocaíocht leis an nGníomhaireacht Tithíochta Ag cloí le teoracha ón Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus Oifig na nOibreacha Poiblí, íocadh an t-airgead sin leis an tairbhí. D'éascaigh an Ghníomhaireacht Tithíochta, trínacuntas bainc, fáil agus íocaíochtaí an airgid sin leis an tairbhí deiridh. Agus an tsaoráid seo á soláthar aici, níor ghearr an Ghníomhaireacht Tithíochta táillí nó coimisiúin ar bith do pháirtí ar bith lena bhain.

Amhail an 31 Nollaig 2015, tá €196,406 fós leis an nGníomhaireacht Tithíochta i dáil leis an dlíteanas seo. Tá an tsuim seo coinnithe ar ordú na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Amhail an 31 Nollaig 2015, níl dlíteanas ar bith eile ag an nGníomhaireacht Tithíochta le páirtí ar bith eile maidir leis an ábhar seo.

	2015	2014
	€	€
Cistí arna sealbhú ag an nGníomhaireacht Tithíochta amhail an 1 Eanáir	1,475,990	196,406
Cistí a réamhíoc Oifig na Oibreacha Poiblí	-	4,669,377
Íochta leis an tairbhí le linn na tréimhse	<u>(1.279.5841</u>	<u>(3.389.7931</u>
Cistí ar lámh ag deireadh na bliana	<u>196.406</u>	<u>1.475.990</u>

14. Comhaltaí Boird na Gníomhaireachta - Nochtadh Leasanna, an tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001

Ceanglaítear ar an nGníomhaireacht cloí leis an gceanglas san Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001 agus nósanna imeachta i gcomhréir leo sin agus cloíodh leo laistigh den tréimhse. Ní raibh aon idirbhearta ann i rith na tréimhse maidir le gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta ina raibh leas sochair ag Comhaltaí na Gníomhaireachta.

15. Tailte atá Sealbhaithe faoin Scéim Chomhiomlánaithe

	2015	2014
	€	€
Tailte atá Sealbhaithe faoin Scéim Chomhiomlánaithe	<u>73</u>	<u>49</u>
Iomlán	<u>73</u>	<u>49</u>

Faoi mar atá léirithe i Nóta 1, den bheartas cuntasafóchta, aithnítear tailte a aistríodh faoin scéim chomhiomlánaithe talún ag luach ainmniúil €1 in aghaidhan láithreáin a aistríodh.

I ndiaidh aistriú na talún ón na húdaráis áitiúla, ceanglaítear ar an nGníomhaireacht Tithíochta tuarascáil a ullmhú agus straitéis a chur chun feidhme maidir le bainistíocht, úsáid agus forbairt deiridh na talún lena mbaineann, lena n-áirítear luacháil i gcás diúscairt talún bheartaithe.

Ba é fócas tosaigh na scéime na láithreáin a aistriú ó na húdaráis áitiúla aonair chuig an nGníomhaireacht Tithíochta. Go dtí seo, rinneadh líon beag pleananna forbartha a bheartú agus a fhaomhadh. Déantar na láithreáin aonair a luacháil a luaithe is a bheidh plean forbartha curtha chun feidhme agus go mbeidh an láithreán ábhartha diúscairtha.

16. Ag cuidiú le húdaráis áitiúla tithe a cheannach

Iarradh ar an nGníomhaireacht Tithíochta a bheith ina pointe lárnach d'údaráis áitiúla maidir le réadmhaoine a cheannach ó ghlacadóirí/iasachtóirí toisc nach raibh glacadóirí/iasachtóirí sásta oibriú leis na 20 nó níos mó údarás áitiúil. Cheannaigh an Gníomhaireacht Tithíochta os cionn 150 teach ar an mórchóir ó institiúidí iasachta thar ceann údaráis áitiúla ar fud na tíre. Ní stoc de chuid na Gníomhaireachta Tithíochta iad na réadmhaoine. Sainaithníodh réadmhaoine oiriúnacha ó na punanna agus d'fhaomh údaráis áitiúla ceannach na maoine ábhartha. Chuir húdaráis áitiúla

na cistí ar aghaidh chuig an nGníomhaireacht Tithíochta agus íocadh na cistí ábhartha ansin do na réadmhaoine sna punanna ábhartha.

Maoiniú a fuarthas ó údaráis áitiúla	23,859,500
Méideanna a íocadh le bainc thar ceann údaráis áitiúla ar fud na tíre	22,161,500
Airgead arna choinneáil amhail an 31 Nollaig 2015 chun ceannacháin a chur i gcrích ** Cuimsithe i bhFabhrú	**1,698,000
Méideanna a d'íoc an Gníomhaireacht Tithíochta maidir le tfolacadh costas, dleacht stampa, cáin maoine áitiúla	469,975
Méid atá dlite ón Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil amhail an 31 Nollaig 2015	469,975

17. Scéim Phinsin

(a) Anailís ar Chostais Phinsin Iomlána Gearrtha ar Chaiteachas

	2015	2014
	€	€
Costais na Seirbhíse Reatha	234,000	270,000
Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsean	46,000	30,000
Ranníocaíochtaí Fostaithe	(66.503)	(58.925)
	<u>213.497</u>	<u>241.075</u>

(b) Anailís ar an nGluaiseacht sa Dliteanas Pinsin le Linn na Bliana

	2015	2014
	€	€
Opening Liability at 01 January 2015	830,000	560,000
Pension Liability due to transfer of staff	-	0
Costas na Seirbhíse Reatha	234,000	270,000
Costas Úis	46,000	30,000
Cailteanas Achtúireach / (Gnóthachan)	<u>338.000</u>	<u>(30.000)</u>
Glandliteanas Pinsin amhail an 31 Nollaig 2015	<u>1.448.000</u>	<u>830.000</u>

(c) Maoiniú Iarchurtha do Phinsin

Aithníonn an Gníomhaireacht Tithíochta na méideanna sin mar shócmhainn a thagann le dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe le haghaidh pinsean ar bhonn na sraithe bonn tuisceana ar a gcuirtear síos i nóta 17 (d), agus líon imeachtaí san am a chuaigh thart. Áirítear ar na himeachtaí sin an bunús reatha i leithbhunú na scéime, agus an beartas agus cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú lena n-áirítear ranníocaíochtaí ag fostaithe agus an próiseas bliantúil meastachán.

Níl aon fhianaise ag an nGníomhaireacht Tithíochta nach leanfaidh leis an mbeartas maoinithe sin suimeanna den chineál sin a chlúdach i gcomhréir leis an gcleachtas reatha.

Bhí an Glanmhaoiniú Iarchurtha le haghaidh pinsean a aithníodh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais mar seo a leanas:

17 Scéim Phinsin (ar lean)

	2015	2014
	€	€
Maoiniú in-aisghabhála maidir le Pinsean na Tréimhse Reatha		
Costais	280,000	300,000
Deontas Stáit a Úsáideach chun Pinsinéirí a Íoc	-	-
	280 000	300.000
Dlíteanas Scéimeanna	1,448,000	830,000
Cailteanas / (Gnóthachan) Achtúireach ar Dhlíteanais Pinsean	338,000	(30,000)
Céatadán ar Dhlíteanais na Scéimeanna	23.34%	4.00%

Ba ionann an cailteanas achtúireach carntha a aithnítear sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Cailteanais Aitheanta Iomlána agus €338,000 (2014: €30,000)

(d) Cur Síos Ginearálta ar an Scéim

Oibríonn an Gníomhaireacht Tithíochta scéimeanna aoisliúntais sochair shainithe neamh-mhaoinithe don fhoireann. Íoctar teidlíochtaí aoisliúntais a eascraíonn ó na scéimeanna as ioncam reatha agus gearrtar ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais iad, de réir ghlan-ranníocaíochtaí aoisliúntais na bhfostaithe, sa bhliain a bhíonn siad le híoc.

Tá na torthaí leagtha amach thíos bunaithe ar luacháil achtúireach ar na dlíteanais phinsin i ndáil le foireann na Gníomhaireachta Tithíochta atá fós ag fónamh, atá ar scor agus a d'éag amhail an 31 Nollaig 2015. Thug achtúire neamhspleách cáilithe faoin luacháil seo chun críochaan chaighdeán chuntasaíochta, Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais Uimh. 102 - Sochair Scoir.

Ba iad seo a leanas na príomhbhoinn tuisceana a úsáideadh:

Modh na Luachála	2015	2014
Ráta Lascaine	2.55%	5.50%
Ráta an Mhéadaithe ar	2.65%	4.00%
Thuarastail		
Méadú ar Phinsean Stáit Amach Anseo	1.65%	0.00%
Méadú		
Méaduithe ar Phinsin Amach Anseo	2.15%	4.00%
Boilsciú	2.15%	2.00%

Meánionchas saoil a úsáideadh chun Dlíteanais a Chinneadh	2015	2014
Fear 65 Bliain d'Aois	21	22
Bean 65 Bliain d'Aois	24	25
An Meánionchas Saoil Amach Anseo de Réir na dTáblaí Mortlaíochta		

18. Ceangaltais

Thar cheannna Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil, déanann an Gníomhaireacht Tithíochta obair fheabhsúcháin ar na tithe a bhfuil dochar piríteach déanta díobh. Amhail an 31 Nollaig 2015, fuair an Bord um Fheabhsúchán Piríte 958 éileamh faoin Scéim um Fheabhsúchán Piríte. Mar chuid den scéim seo, déantar conradh oibreacha le sainchomhairleoirí innealtóireachta agus tógála agus le conraitheoirí innealtóireachta sibhialta agus tógála. Lena chois sin, tá na húinéirí tí ar glacadh a n-áiteanna cónaithe isteach sa scéim i dteideal caiteachas áirithe a thabhaigh siad sula glacadh sa scéim iad agus le linn oibreacha feabhsúcháin a fháil ar ais.

Níl foráil ar bith déanta sna cuntais maidir leis an dliteanas féideartha faoin scéim toisc gurb é beartas na Bhoird costais na n-éileamh a aithint de réir mar a cheadaítear iad. Measann an Bord um Réiteach Pírite go gcosnóidh an scéim feabhsúcháin €60 milliún ar an iomlán. Amhail an 31 Nollaig 2015, bhí na ceangaltais agus oibleagáidí conarthacha seo a leanas ag an nGníomhaireacht Tithíochta i ndáil leis an Scéim um Fheabhsúchán Piríte (PRS).

Sainchomhairleoirí Tógála	2015
	€
Luach Iomlán Chonarthaí na Sainchomhairleoirí amhail an 31 Nollaig 2015	1,569,918
Luach Iomlán na nÍocaíochtaí ar an gCuntas amhail an 31 Nollaig 2015	<u>747,808</u>
Ceangaltais Chonarhacha Amuigh do Shainchomhairleoirí amhail an 31 Nollaig 2015	<u>822.110</u>

Níl an Gníomhaireacht Tithíochta i dteideal CBL a aisghabháil agus dá bhrí sin tá CBL san áireamh sna méideanna uile. Tugtar cuntas ar íocaíochtaí do shainchomhairleoirí mar a bheith íochta.

Conraitheoirí Oibreacha	2015
	€
Luach Iomlán Chonarthaí na gConraitheoirí amhail an 31 Nollaig 2015	13,446,097
Luach Iomlán na nÍocaíochtaí ar an gCuntas amhail an 31 Nollaig 2015	<u>8,019,491</u>
Ceangaltais Chonarhacha Amuigh do Chonraitheoirí amhail an 31 Nollaig 2015	<u>5,426,606</u>

Níl an Gníomhaireacht Tithíochta i dteideal CBL a aisghabháil agus dá bhrí sin tá CBL san áireamh sna méideanna uile. Tugtar cuntas ar íocaíochtaí do chonraitheoirí mar a bheith íochta.

19. An Gníomhaireacht Foirgníochta Náisiúnta

In 2015, sholáthair an Gníomhaireacht, ar ordú ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, €121,888 don Gníomhaireacht Foirgníochta Náisiúnta (GFN) lena chinntiú go gcoimeádfaidh cistí bainc GFN ag €1.5 milliún, agus na cistí sin fálaithe lena n-íoc amach anseo leis an Státchiste.



20. Leas Coinbhleachta

Fostaíodh PFK O'Connor, Leddy & Holmes Limited (Doody Crowley Limited roimhe seo) mar na hiniúcháirí inmheánacha agus cuntasóirí don Ghníomhaireacht Tithíochta in 2015. Tugadh faoi fháil agus ceapadh Deloitte mar iniúcháirí inmheánacha i Feabhra 2016.

21. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord Stiúrtóirí na ráitis airgeadais seo lena n-eisiúint an 25 Deireadh Fómhair 2016.





www.housingagency.ie

ISBN - 978 - 1 - 903848 - 40 - 1